



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2022
(OR. en)

15031/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0393(NLE)**

ENER 621
ENV 1193
COMPET 937
TRANS 735
CONSOM 306
IND 497
ECOFIN 1219
FISC 230

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Samhain 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 668 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh agus an geilleagar a chosaint ar phraghsanna as cuimse ard

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 668 final.

Faoi iamh: COM(2022) 668 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 22.11.2022
COM(2022) 668 final

2022/0393 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh agus an geilleagar a
chosaint ar phraghsanna as cuimse ard**

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh agus an gilleagar a chosaint ar phraghsanna as cuimse ard

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Cruthaítear leis an togra ionstraim rialála shealadach dhea-spriocdhírthe chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na mbuaiceanna foircneacha praghsanna a eascraíonn as easnaimh i sásraí praghasmhúnlaithe na margaí mórdhíola gáis, rud a chuirfidh cosc ar dhochar mór do gheilleagar an Aontais.

a) Géarchéim na hÚcráine as ar eascair ardú praghsanna nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus diandhíobháil eacnamaíoch.

Tharla géarchéim fuinnimh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo mar gheall ar fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin agus ar an armú a rinne sí ar an bhfuinneamh, ar géarchéim í a rinne difear don Aontas go háirithe. Mar thoradh air sin, tá ardú géar tagtha ar phraghsanna fuinnimh, rud a chuireann leis an mboilsciú agus a chuireann slándáil ár soláthair fuinnimh i mbaol. Chuaigh an Rúis i mbun suaití agus cúblálacha soláthair d'aon ghnó, rud a dhéanann difear do phraghsanna gáis nádúrtha na hEorpa agus don chothromaíocht maidir le praghasmhúnlú sna margaí fuinnimh. Mar gheall ar chinneadh na Rúise chun an soláthar a ghearradh trí phíblíne Nord Stream 1 agus chun cur isteach ar sholáthairtí chuig roinnt Ballstát de chuid an Aontais, mar aon leis an sabaitéireacht ar pháiblínte Nord Stream 1 agus 2, agus an ngá le foinsí agus bealaí nua soláthair a aimsiú ar ghearrfhógra, shroich an ghéarchéim sin leibhéil nua. Tá an tAontas tiomanta chun deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, mar a leagtar amach i dTeachtairacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 dar teideal 'Plean REPowerEU' tríd an éileamh a laghdú, dlús a chur le leathadh amach foinsí in-athnuaite fuinnimh agus soláthairtí malartacha ó chomhpháirtithe iontaofa a chur in ionad ghás na Rúise tríd an Ardán um Cheannach Fuinnimh. Tháinig laghdú cheana féin ar sciar na Rúise d'allmhairí gáis píblíne as iomlán allmhairí gáis an Aontais ó 41 % i mí Mheán Fómhair 2021 go 9 % i mí Mheán Fómhair 2022.

Cé gur tháinig méadú mór ar phraghsanna gáis cheana féin sna margaí ó thús fhogha na Rúise ar an Úcráin, chonacthas buaiceanna praghsanna nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo maidir le praghsanna gáis nádúrtha, ar buaiceanna iad a bhain amach na leibhéil is airde riamh sa dara leath de mhí Lúnasa 2022. Cé go raibh praghsanna le 10 mbliana anuas laistigh de bhanda idir EUR 5 MWh agus EUR 35 MWh, shroich praghsanna gáis nádúrtha na hEorpa leibhéil a bhí 1000 % níos airde ná na meánphraghsanna a chonacthas roimhe seo san Aontas. Todhchaíochtaí Gáis TTF na hÍsiltíre (táirgí 3 mhí/ráithiúla) a thrádáiltear ar an malartán ICE Endex¹ shroich siad leibhéil EUR 350/MWh, shroich gás lá roimh ré TTF a thrádáiltear ar EEX EUR 316/MWh, agus tharla an méid sin gan athruithe móra ar mhéideanna trádála. Bhí

¹ Difríocht i bpraghsanna nó 'raon difríochta' arna dtomhas ar bhonn 'spota EGSi TTF' ó EEX lúide an meán de mheasúnú spotphraghas GNL Iarthuaisceart an Aontais agus an Iardheisceart an Aontais ó Platts/S & P Global.

praghsanna mí roimh ré go mór os cionn EUR 200/MWh agus shroich siad a mbuaicphointe ag beagnach EUR 314/MWh an 26 Lúnasa 2022. Ar feadh 2 sheachtain as a chéile, d'fhan an praghas mí roimh ré os cionn EUR 225/MWh, ón 18 Lúnasa go dtí an 31 Lúnasa 2022. Sroicheadh na praghsanna is airde ar feadh 1 sheachtain — 5 lá trádála as a chéile — ón 22 go dtí an 26 Lúnasa 2022, nuair a bhí na praghsanna an-ghar do EUR 265/MWh nó os a chionn. Le linn na tréimhse ón 22 go dtí an 31 Lúnasa 2022, bhí an difríocht idir spotphraghsanna TTF agus GNL² os cionn EUR 57/MWh. Sna 3 lá dheireanacha den tseachtain ón 22 go 26 Lúnasa 2022, bhí an raon difríochta idir spotphraghsanna TTF agus praghsanna tagartha GNL os cionn EUR 58/MWh. Bhí an díchúpláil praghsanna TTF ó phraghsanna GNL sin ina teagmhas nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, rud a léiríonn praghsanna an mhargaidh dhomhanda. Tar éis na leibhéil foircneacha a baineadh amach i mí Lúnasa 2022, d'ísigh na praghsanna faoi bhun EUR 220/MWh sna seachtainí ina dhiaidh sin agus níor shroich siad buaicphointe os cionn an leibhéil sin arís.

Ba dhochar an-mhór do gheilleagar na hEorpa an méadú mór sin ar phraghsanna thar thréimhse coicíse. Baineann go leor earnálacha úsáid fhorleathan as gás i ngeilleagar an Aontais, idir FBManna agus an tionscal mór, go háirithe tionscail atá dian ar ghás amhail criadóireacht, gloine, leasacháin, laíon agus páipéar agus ceimiceáin. Tá tionchar diúltach mór ag praghsanna gáis nádúrtha an-ard ar na leibhéil a chonacthas i mí Lúnasa, is é sin thart ar EUR 350 MWh, ar gheilleagar an Aontais fiú thar thréimhse ghearr; bíonn éifeachtaí gabhála ag na praghsanna sin ar phraghsanna leictreachais agus méadaíonn siad an boillsciú foriomlán. Bíonn dochair inláimhsithe agus rioscaí i gceist le buaiceanna praghsanna, is é sin damáistí agus rioscaí do chustaiméirí fuinnimh, do sholáthróirí agus do shlándáil an tsoláthair ar mhargaí gáis agus leictreachais. Bhí custaiméirí neamhchosanta go hiomlán ar na buaiceanna ollmhóra praghsanna arbh iad scrogaill acmhainne réigiúnacha ba chúis leo. Ar leibhéal uasacmhainne, níorbh fhéidir aon soláthair breise gáis a mhealladh le tuilleadh méaduithe ar phraghsanna. Leanann fogha na Rúise faoin Úcráin de dhífear diúltach a dhéanamh do gheilleagar iomlán an Aontais, agus de thoradh sin cuirtear an geilleagar ar chonair fáis níos ísle agus boillscithe níos airde i gcomparáid le Réamhaisnéis Earraigh an Choimisiúin³. Tuartar go mbainfidh meánbhoillsciú bliantúil buaicphointe ar leibhéil stairiúla in 2022, ag 7.6 % sa limistéar euro agus ag 8.3 % san Aontas, sula laghdóidh sé in 2023 go 4.0 % agus 4.6 % faoi seach. Tuartar i réamhaisnéis an Aontais 'Réamhaisnéis Eacnamaíoch 2022 (eatramhach)' nach dtiocfaidh ach fás 2.7 % ar gheilleagar an Aontais in 2022 agus 1.5 % in 2023. Meastar go mbeidh fás 2.6 % sa limistéar euro in 2022, a mhodhnóidh go 1.4 % in 2023; i roinnt tíortha, tá coinne le cúlú eacnamaíochta.

I bhfianaise na leibhéal ísle reatha de shreafaí gáis nádúrtha na Rúise chuig an Eoraip, ar leibhéil iad atá laghdaithe cheana féin go 9 % d'allmhairí iomlána píblíne gáis an Aontais, agus an dearcaidh nach n-ardóidh siad go dtí leibhéil réamhchogaidh, tá an staid maidir le margaí gáis agus airgeadais fós dúshlánach san Aontas. Mar gheall ar an athrú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar bhealaí soláthair agus iompair gáis, mar aon le hionstraimí margaidh agus praghasmhúnlaith nach raibh curtha in oiriúint do staid suaithe soláthair, tá tomhaltóirí agus gnólachtaí na hEorpa neamhchosanta ar an riosca follasach go bhféadfadh babhtaí eile a bheith ann maidir le buaiceanna praghsanna gáis a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don gheilleagar. De bharr teagmhais dhothuartha, amhail timpistí nó sabaitéireacht

² Difríocht i bpraghsanna nó 'raon difríochta' arna dtomhas ar bhonn 'spota EGSÍ TTF' ó EEX lúide an meán de mheasúnú spotphraghas GNL Iarthuaisceart an Aontais agus an Iardheisceart an Aontais ó Platts/S & P Global.

³ [Réamhaisnéis Eacnamaíoch Fhómhar 2022: An t-ionchas níos measa de bharr chogadh na Rúise , \(https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_4511\).](https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_4511)

ar phíblínte lena gcuirtear isteach ar sholáthairtí gáis chuig an Eoraip nó lena méadaítear an t-éileamh go mór, d'fhéadfadh sé go gcuirfí slándáil an tsoláthair go mór i mbaol. An teannas agus an t-imní sa mhargadh, arb é a spreagann an méid sin an eagla go dtarlódh ganntanas tobann, is dócha go leanfaidh an teannas agus an t-imní sin ar aghaidh níos faide ná an geimhreadh seo agus go dtí an bhliain seo chugainn, toisc go meastar go dtógfaidh sé 1 bhliain nó níos mó le dul in oiriúint do shuaithheadh an tsoláthair agus le caidreamh agus bonneagar nua maidir le soláthar a bhunú.

b) Athrú ar TTF agus ar chomhthéacs an mhargaidh — athrú ar ábharthacht na dtagarmharcanna praghsanna

Córas praghasmhúnlaithe

Is éard atá sa tSaoráid Aistrithe Teidil, (TTF), ná ‘mol’⁴ nó ‘pointe trádála fíorúil’ de chóras dul isteach/imeachta, mar a thugtar air, inar féidir le húsáideoirí líonra gás a aistriú idir a chéile. De ghnáth, is oibreoir córais tarchurtha nó eintiteas eile arna ainmniú ag an mBallstát a oibríonn mol, agus is é a láimhseálann ainmniúcháin le haghaidh aistriú teidil an gháis idir úsáideoirí an líonra.

Is féidir raon táirgí a thrádáil lena seachadadh ar mhoil lena n-áirítear go fíorúil nó go fisiciúil (i gcás ina gceanglaítear an gás a sheachadadh ag pointe fisiciúil áirithe)⁵. Tá feidhm thábhachtach ag moil i gcobhsaíocht an chórais gáis nádúrtha toisc go gcumasaíonn siad aistriú gáis idir gníomhaithe margaidh agus, dá bhrí sin, tá siad i gcroílár an mhargaidh gáis. Tá moil gháis éagsúla san Eoraip, agus is iad seo a leanas na príomh-mhoil: TTF na hÍsiltíre (NL), ‘Trading Hub Europe’ na Gearmáine (THE), ‘Gas exchange point - North’ na Fraince (PEG), ‘Zeebrugge’ (Beach) agus ZTP na Beilge, ‘Virtual Trading Point’ na hOstaire (VTP), ‘Punto di Scambio Virtuale na hIodáile’ (PSV), ‘Virtual Trading Point’ na Seice (VTP), ‘Virtual Balancing Point’ na Spáinne (PVB), agus ‘National Balancing Point’ na Breataine (NBP).

Ábharthacht shonrach phraghas todhchaíochtaí TTF do chóras praghasmhúnlaithe an Aontais Eorpaigh

Is féidir trádáil ar mhoil a dhéanamh thar an gcuntar (OTC) nó trí mhalartáin, is é an mol an áit seachadta chun an gás a mhalartú idir punanna. Is é an táirge is leachtaí a thagraíonn do TTF ‘Todhchaíochtaí Gáis TTF’ na hÍsiltíre lena seachadadh laistigh den mhí, a thrádáiltear ar an malartán ‘ICE ENDEX’, agus ar an ‘spotmhargadh’, mar a thugtar air, i.e. an margadh do tháirgí a bhfuil fad lae nó níos lú acu, is é Malartán Fuinnimh na hEorpa (‘EEX’) an t-ionad margaidh is leachtaí.

Is éard atá in TTF pointe trádála fíorúil lena mbaineann spotchonarthaí agus conarthaí todhchaíochtaí araon. Tá táirgí a bhaineann le TTF (i.e. conarthaí le TTF mar phointe seachadta) ar fáil ar mhalartáin agus de ghnáth bíonn idir táirgí gearrthéarmacha (e.g. laistigh de lá, lá roimh ré, seachtain roimh ré) agus táirgí a bhfuil tréimhse seachadta roinnt blianta amach romhainn acu. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir margáí éagsúla sa chomhthéacs seo:

Is iad spotmhargáí (laistigh de lá agus lá roimh ré) an áit ina gcoinníonn OCTanna cothromaíocht go fisiciúil san eangach, rud atá ríthábhachtach chun Slándáil an tSoláthair a áirithiú. Is áit í freisin le haghaidh idirbhearta a sheachadtar go fisiciúil ina ndéanfaidh rannpháirtithe sa mhargadh a bpunanna gáis a chomhardú mar fhreagairt ar athruithe ar éileamh agus ar sholáthar, mar shampla de dheasca dálaí aimsire, nó plódú. I bhfianaise na

⁴ Is pointe trádála fíorúil é mol i gcóras dul isteach/imeachta, inar féidir le húsáideoirí líonra gás a aistriú idir a chéile, agus is minic a oibríonn oibreoir an chórais tarchurtha (nó eintiteas ainmnithe eile) é.

⁵ ACER(2011) Creat-Treoirínte maidir le Cothromú Gáis i gCórais Tarchurtha.

rioscaí do Shlándaíl an tSoláthair agus chothromú na margaí laethúla, ní hé sin cuspóir an togra seo.

Tá margaí na ndíorthach, go háirithe conarthaí a bhaineann le seachadadh gáis amach anseo (e.g. mí roimh ré nó níos faide), fíor-riachtanach chun go mbeidh cuideachtaí gáis in ann a rioscaí airgeadais a fhálú agus gás á cheannach acu i margaí luaineacha. Cuireann praghsanna fadtéarmacha níos cobhsaí na ndíorthach comharthaí praghais ar fáil freisin le haghaidh timpeallacht iontaofa d'infheistíocht sa bhonneagar. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag idirghabhálacha i ndíorthaigh agus i margaí todhchaíochtaí ar an gcobhsaíocht airgeadais freisin.

Déanann Gníomhaireachtaí Tuairiscithe Praghsanna (PRAnna) gníomhaíocht na margaí lá roimh ré a rianú agus innéacsanna a fhoilsiú, lena n-áirítear innéacsanna a bhaineann le TTF, a ndéantar tagairt dóibh de ghnáth i gconarthaí. Is iad praghsanna tagartha mí roimh ré TTF na cinn a ndéantar tagairt dóibh go minic i gconarthaí. Ina dhiaidh sin, is féidir innéacsanna a bhaineann le TTF, lena léirítear praghais spotchonarthaí nó chonarthaí todhchaíochtaí TTF, a úsáid sna foirmlí praghsanna atá i gconarthaí níos fadtéarmaí. Baineann sé sin go príomha leis an bhfíric go meastar, le blianta beaga anuas, gurb é TTF an fhoinse seachshonraí is iontaofa do phraghsanna gáis ar leibhéal an Aontais, fiú thar theorainneacha an réigiúin a bhfreastalaíonn mol TTF air.

De ghnáth, tugtar 'tithe imréitigh' ar mhalartáin a bhainistíonn rioscaí frithpháirtí, toisc go ndéantar na trádálacha gan fhios a bheith acu ar an gcontrapháirtí.

Is é TTF an mol gáis is leachtaí san Aontas agus is tagairt é a úsáidtear go forleathan le haghaidh praghsanna gáis na hEorpa, agus feidhmíonn sé mar phríomhionstraim trádála agus bainistithe riosca le haghaidh trádáil gáis san Eoraip. Úsáideadh innéacsanna TTF le blianta beaga anuas san Eoraip mar fhoinse seachshonraí do phraghsanna gáis nádúrtha san Eoraip. Is amhlaidh atá mar gheall ar shuíomh geografach sonrach an mhoil, ina bhfaightear gáis nádúrtha ó roinnt foinsí, lena n-áirítear gás a tháirgtear go náisiúnta ón réimse 'Groningen', gás na hIorua, GNL, chomh maith le méideanna móra ón Rúis. Ní mór gás ó sholáthraithe tríú tír eile a chur in ionad ghás na Rúise anois. Go stairiúil d'úsáid gníomhaithe margaidh TTF mar sheachphraghas tagartha don ghás nádúrtha don Eoraip ar fad, agus measadh go raibh sé ionadaíoch ar an margadh iomlán. De réir shonraí an mhargaidh, ba é mol TTF ba chúis le thart ar 80 % den ghás nádúrtha a thrádáiltear san Aontas Eorpach agus sa Ríocht Aontaithe le chéile sna chéad 8 mí de 2022 (an sciar céanna a bhí ann in 2021 le linn na tréimhse sin). De réir mheastacháin an mhargaidh, d'ardaigh sciar na trádála atá bunaithe ar mhalartáin ar TTF go 70 % sna chéad 8 mí de 2022. Is iad ICE ENDEX agus ECC B.V. na hoibreoirí malairte gáis do mhargadh gáis na hÍsiltíre.

Fianaise ar mhífheidhmiú praghasmhúnlaithe a chuireann le ró-arduithe praghsanna

Tá mórthionchar struchtúrach ag fogha na Rúise faoin Úcráin agus ag an armú a rinne an Rúis ar an bhfuinneamh ar na margaí gáis nádúrtha san Eoraip, rud a athraíonn go bunúsach tionscnamh na soláthairtí san Eoraip agus an chaoi a sreabhann gás laistigh den Aontas.

Mar gheall ar shuaití soláthair ón Rúis, tá cion gás píblíne na Rúise as líon iomlán na n-allmhairí ó pháblíne san Aontas íslithe ó 40 % go 9 % le linn na bliana seo. Níl an bonneagar is gá chun freastal ar na sreafaí riachtanacha ó fhoinsí eile ar fáil go fóill. Táthar ag tabhairt aghaidh anois ar roinnt scrogaill sa bhonneagar maidir le gás píblíne agus GNL araon chun iad a chur in oiriúint do staid nua an mhargaidh i gcomhréir le plean REPowerEU.

Sa chás ina bhfuil suaitheadh soláthair ann agus ina bhfuil bealaí soláthair nua á mbunú, bhí fadhbanna ann maidir leis an sásra praghasmhúnlaithe don chuid eile den Eoraip ós rud é go bhfuil teorainneacha tábhachtach bonneagair ina saintréithe de chóras gáis Iarthuaisceart na

hEorpa ó thaobh tharchur píblíne (Thiar-Thoir) agus ó thaobh acmhainn athghásaithe GNL. Bhí na teorainneacha sin ina gcúis go páirteach leis an méadú ginearálta ar phraghsanna gáis ó thús na géarchéime. Bhí scrogaill sa bhonneagar sa réigiún ar cheann de na cúiseanna lena mínítear an méadú ar an éagsúlacht idir praghsanna todhchaíochtaí TTF agus praghsanna GNL ar an margadh domhanda i rith an tsamhraidh. Cé go raibh praghas todhchaíochtaí TTF ina fhoinsé mhaith iontaofa seachshonraí i gcónaí do phraghsanna gáis i roinnt mhaith réigiún san Eoraip san am a chuaigh thart, níl sé chomh hábhartha agus chomh hiontaofa anois mar thagarmharc praghais i réigiúin áirithe — go háirithe sna tíortha sin a bhfuil rochtain níos éasca acu ar GNL agus ar fhoinsí gáis eile ná tíortha nach bhfuil rochtain mhór ar GNL acu agus ina gcuireann scrogaill acmhainne cosc ar sholáthairtí breise.

Táscaire soiléir maidir le mífhéidhmiú an tsásra praghasmhúnlaith a bhfuil tionchar aige ar an margadh Eorpach ina iomláine is ea go bhfuil an praghas todhchaíochtaí TTF scoite ó mhoil réigiúnacha eile san Eoraip, agus ó na measúnuithe praghsanna a rinne soláthraithe innéacsanna gairmiúla d'allmhairí GNL ('gníomhaireachtaí tuairiscithe praghsanna'), ó bhí mí Aibreáin 2022 ann. I ngnáthchúinsí, mar a tharla le 10 mbliana anuas nuair a tháinig TTF le bheith an fhoinsé seachshonraí is mó a úsáidtear do phraghas an gháis nádúrtha san Eoraip, tá an raon difríochta idir TTF agus GNL níos cúinge agus fiú diúltach. Is léiriú láidir é an raon difríochta neamhghnách idir TTF agus moil réigiúnacha eile a chonacthas i mí Lúnasa 2022 go bhféadfadh sé nach bhfuil TTF ina fhoinsé mhaith seachshonraí ar staid an mhargaidh lasmuigh d'Iarthuaisceart na hEorpa, rud a fhágann go bhfuil praghsanna arda ann nach bhfreagraíonn do bhunphrionsabail an mhargaidh don Aontas ar fad. Dá bhrí sin, cruthaíodh tagarmharc nua GNL ar leibhéal an Aontais atá níos iontaofa, a bheidh le forbairt ag ACER faoin 1 Márta 2023, i Rialachán [XXXX/2022]. I mbabhtáí ghanntanais i margadh Iarthuaisceart na hEorpa, bíonn tionchar míchuí ar mhargaí réigiúnacha eile lasmuigh d'Iarthuaisceart na hEorpa trí innéacsú conartha le TTF.

Mar thoradh ar scrogaill sa bhonneagar, tá difreálaigh mhóra praghais ann idir TTF, moil gáis náisiúnta agus praghsanna GNL. Go dtí go réiteofar na scrogaill sa bhonneagar in Iarthuaisceart na hEorpa, beidh tionchar acu ar phraghasmhúnú, agus leanfaidh siad d'éifeacht ollmhór dhiréireach a bheith acu ar mhargaí gáis nádúrtha agus ar gheilleagar na hEorpa. A luaithe a bheidh sreafaí píblínte agus críochfoirt GNL ag uasacmhainn, rud lena n-áiríteofar slándáil an tsoláthair, ní mheallfar gás nua le haon mhéadú breise ar phraghsanna os cionn raon difríochta áirithe le praghsanna gáis domhanda, a bhfuil gá leo chun lastaí GNL a mhealladh chuig an mór-roinn, ach is toradh iad ar scrogaill sa bhonneagar. Is féidir le trádálaithe agus cuideachtaí fuinnimh úsáid a bhaint as an staid sin chun praghsanna a ardú, rud a dhéanann dochar don Aontas ar fad.

Mar thoradh air sin, tháinig staideanna chun cinn amhail mar a tharla sa choicís dheireanach de mhí Lúnasa 2022, nuair a shroich praghsanna gáis nádúrtha na leibhéil is airde riamh, leibhéil os cionn EUR 300/MWh agus d'ardaigh an praghas i moil ilchríochacha, amhail TTF, go leibhéal EUR 70/MWh os cionn an phraghais GNL (i.e. bhí praghas TTF suas le 25 % níos airde ná praghas GNL (mar a léirítear le meán-Spotinnéacs GNL Iarthuaisceart agus Iardheisceart na hEorpa). Sna cásanna sin, is féidir a léiriú nach gcuireann innéacs TTF seachshonraí leormhaithe ar fáil a thuilleadh do phraghsanna san Eoraip.

I bhfianaise ról TTF mar fhoinsé seachshonraí i gconarthaí ar fud na hEorpa, bhí ar chustaiméirí Eorpacha nach bhfuil lonnaithe i lár na hEorpa ná in Oirthear na hEorpa praghas níos airde a íoc, cé go raibh gás nádúrtha sna margaí domhanda i bhfad níos saoire. Sa chás sin, mheas roinnt custaiméirí Eorpacha maidir leis an ardú as cuimse ar TTF, rud a tharla go príomha mar gheall ar scrogaill acmhainne inmheánacha laistigh de lár na hEorpa, nach raibh sé ionadaíoch a thuilleadh agus go raibh sé iomarcach agus nach raibh sé ag teacht le cothromaíocht an mhargaidh.

Leis an raon difríochta idir TTF agus moil réigiúnacha eile, ar ais i mí Lúnasa, léirítear cén fáth nach mbeadh TTF ina fhoinse mhaith seachshonraí a thuilleadh ar staid an mhargaidh lasmuigh d'Iarthuaisceart na hEorpa (NWE) nuair a bhíonn na margaí ag tabhairt aghaidh ar shrianta bonneagair. I mbabhtáí ganntanais i margadh NWE, bheadh tionchar míchuí ar mhargaí réigiúnacha eile lasmuigh de NWE (a bhfuil dálaí margaidh níos fabhraí acu) trí innéacsú conartha le TTF.

Meastar go leanfaidh an staid sin ar aghaidh le linn 2023. San fhadtéarma, trí infheistíocht shubstaintiúil in idirnaise gháis agus críochfoirt GNL, réiteofar na héagsúlachtaí maidir le praghsanna gáis na mol réigiúnach. Trí infheistíochtaí i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite agus ísealcharbóin, déanfar an tionchar a bhíonn ag praghsanna gáis ar phraghsanna leictreachais a dhíchúpláil go buan agus laghdófar an brú ar phraghsanna gáis i mbabhtáí ganntanais. Go sonrach, meastar go ndéanfaidh bonneagar nua GNL a bheidh ar líne níos déanaí i mbliana nó sna chéad mhíonna de 2023 na fadhbanna reatha a mhaolú. Tá an t-ionchas sin go dtiocfaidh laghdú ar an raon difríochta idir TTF agus moil eile de chuid an Aontais nasctha leis an imscaradh atá beartaithe ar bhonneagar GNL amhail Aonaid Snámha Stórála agus Athghásaithe (FSRUanna), rud ar cheart na scrogaill in Iarthuaisceart na hEorpa a laghdú. Ar an gcúis sin, ní gá ach idirghabháil shealadach a dhéanamh.

Mar sin féin, don bhliain seo chugainn ar a laghad, tá géarghá le tionchar sealadach na scrogaill plódaithe i gcodanna sonracha den Aontas a cheartú, i ngeall ar an athrú struchtúrach ollmhór a dhéanann difear don chothromaíocht stairiúil a bhaineann le hionadú a dhéanamh ar thionscnamh 40 % den ghás nádúrtha atá ag teacht chun na hEorpa, i gcúinsí ina bhféadfadh sé nach léiríonn praghsanna TTF na dálaí domhanda soláthair gáis agus éilimh. Ní dhearnadh uirlisí margaidh a fhreastalaíonn ar mhargaí na hEorpa a shaincheapadh agus a fhorbairt chun dul i ngleic le staid reatha an mhargaidh, arb é suaitheadh ollmhór an tsoláthair agus an 't-armú' a rinne an Rúis ar an bhfuinneamh is cúis leis an staid sin, rud a fhágann go n-iocann an tAontas préimh as a ghás. Ar an gcaoi chéanna, ní raibh ceapadh mhargadh leictreachais na hEorpa ullamh do ghéarchéim den sórt sin agus mar gheall ar na praghsanna gáis as cuimse ard, tá praghsanna arda leictreachais ann agus ioncam nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ag baint le teicneolaíochtaí táirgthe infrimeallacha. I ndiaidh an Rialacháin ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, a glacadh an 6 Deireadh Fómhair 2022, tá an Coimisiún ag obair anois ar thogra arb é is aidhm dó praghsanna leictreachais a dhíchúpláil ó thaobh struchtúir de agus tá sé le cur síos sa chéad ráithe de 2023.

II. AIDHMEANNA AN TOGRA SEO

Leis na cásanna de phraghsanna TTF atá thar a bheith ard, agus iarmhairtí na gcásanna sin ar leibhéal ginearálta na bpraghsanna gáis nádúrtha san Eoraip, spreagadh go leor glaonna ar an leibhéal polaitiúil chun idirghabháil phráinneach shealadach a dhéanamh.

An 5 Deireadh Fómhair 2022, sa rún uaithi maidir le 'Freagairt an Aontais ar an méadú ar phraghsanna fuinnimh san Eoraip', d'iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí 'bearta a ghlacadh i leith fheidhmiú TTF', agus mheas sí 'go bhféadfaí a áireamh ar na bearta sin sásra stad trádála a chur i bhfeidhm in TTF i gcás luaineachtaí praghsanna iomarcacha agus coiléir praghsanna'.

Ag an gcuinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag na hairí fuinnimh an 12 Deireadh Fómhair, iarradh ar an gCoimisiún bearta a mholadh chun iarrachtaí dlúthpháirtíochta a chomhordú, an soláthar fuinnimh a dhaingniú, leibhéil praghsanna a chobhsú agus tacú le teaghlaigh agus le cuideachtaí atá ag dul i ngleic le praghsanna arda fuinnimh.

Sa togra uaidh i mí Dheireadh Fómhair, bhí sé d'aidhm ag an gCoimisiún dul i ngleic le cásanna praghsanna iomarcacha gáis nádúrtha, trí bheart ón gComhairle a mholadh chun uasphraghas dinimiciúil a bhunú ar ar féidir idirbhearta gáis nádúrtha a dhéanamh i spotmhargaí TTF faoi choinníollacha sonracha. Chun a áirithiú nach mbeidh aon éifeacht dhiúltach ann, ba cheart trádáil gáis thar an gcuntar a cheadú leis an mbeart, níor cheart go ndéanfaidh an beart difear do shlándáil an tsoláthair gáis ná do shreafaí laistigh den Aontas, agus níor cheart go mbeadh méadú ar thomhaltas gáis mar thoradh air ná go ndéanfaidh sé difear do chobhsaíocht agus feidhmiú ordúil mhargaí na ndíorthach fuinnimh.

Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach a tionóladh an 20 agus 21 Deireadh Fómhair 2022, iarradh go ndéanfaí cinntí nithiúla a thíolacadh go práinneach maidir le bearta breise áirithe, lena n-áirítear 'conair praghsanna dhinimiciúil shealadach maidir le hidirbhearta gáis nádúrtha chun babhtá praghsanna iomarcacha gáis a theorannú láithreach', i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar thionchar an tsásra sin ar chonarthaí atá ann cheana agus na meascáin éagsúla fuinnimh agus na himthosca náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh.

Is é príomhchuspóir an tsásra ceartúcháin margaidh atá beartaithe sa Rialachán seo babhtá praghsanna fíor-arda gáis a chosc, ar babhtá iad a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh go páirteach ar neamhéifeachtúlachtaí sna sásraí praghasmhúnlaíthe. Ní hionann an príomhchuspóir agus idirghabháil i bpraghsanna lena léirítear éileamh agus soláthar go cothrom. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil comharthaí praghais tábhachtach chun na soláthairtí gáis nádúrtha a theastaíonn ón Aontas a mhealladh ó thríú tíortha chun Slándáil an tSoláthair agus rathúnas eacnamaíoch a chaomhnú.

III. PRÍOMHGHNÉITHE AN TOGRA SEO

Leis an sásra ceartúcháin margaidh atá beartaithe, tógtar ar Airteagail 23 agus 24 den togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle *Feabhas a chur ar an dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gáis, ar mhalartuithe gáis thar theorainneacha agus ar thagarmharcanna iontaofa praghais* an 18 Deireadh Fómhair 2022 ('Togra mhí Dheireadh Fómhair').

Bunaithe ar na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Deireadh Fómhair 2022⁶ agus ar na coimircí in Airteagal 23(2) de Thogra mhí Dheireadh Fómhair⁷, ceaptar an Sásra Ceartúcháin Margaidh ar bhealach a chomhlíonfaidh dhá bhunchritéar:

- (i) gníomhóidh sé mar ionstraim éifeachtach i gcoinne babhtá praghsanna gáis fíor-ard; agus

⁶ Féach aithris 18 de na Conclúidí an 20/21.10.22:

'Tarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún cinntí nithiúla a thíolacadh go práinneach maidir leis na bearta breise seo a leanas, agus maidir leis na tograí ón gCoimisiún, i ndiaidh measúnú a dhéanamh ar a dtionchar go háirithe ar chonarthaí atá ann cheana, lena n-áirítear neamhéifeacht conarthaí fadtéarmacha, agus na meascáin éagsúla fuinnimh agus na himthosca náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh: (...)

c) conair praghsanna dhinimiciúil shealadach ar idirbhearta gáis nádúrtha chun babhtá praghsanna iomarcacha gáis a theorannú láithreach, agus na coimircí a leagtar amach in Airteagal 23(2) den dréacht-Rialachán ón gComhairle a moladh an 18 Deireadh Fómhair 2022 á gcur san áireamh;'

⁷ Foráiltear le hAirteagal 23(2) de Thogra mhí Dheireadh Fómhair go gcomhlíonfaidh sásra ceartúcháin margaidh a cheapfar amach anseo na coimircí seo a leanas: beidh an sásra gan dochar do thrádálacha gáis thar an gcuntar; ní chuirfidh sé slándáil an tsoláthair gáis san Aontas i mbaol; beidh sé ag brath ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an sprioc maidir le coigilteas gáis a chur chun feidhme; ní bheidh méadú foriomlán ar thomhaltas gáis mar thoradh air; ceapfar é ar bhealach nach gcuirfidh sé cosc ar shreafaí gáis margadhbhunaithe laistigh den Aontas; ní dhéanfaidh sé difear do chobhsaíocht ná d'fheidhmiú ordúil mhargaí na ndíorthach fuinnimh; agus cuirfear praghsanna an mhargaidh gáis sna margai eagraithe éagsúla ar fud an Aontais san áireamh.

- (ii) ní dhéanfar é a ghníomhachtú ach amháin má shroicheann na praghsanna leibhéil eisceachtúla (i gcomparáid leis na margaí domhanda), chun suaití móra sa mhargadh agus suaití i gconarthaí soláthair a sheachaint, rud a bhféadfadh rioscaí tromchúiseacha do shlándáil an tsoláthair eascairt as.

Maidir le teagmhais a tharla roimhe seo, amhail an t-ardú as cuimse ar phraghsanna a léiríodh i mí Lúnasa 2022, is féidir an taithí sin a bheith ina treoir maidir le sainiú na leibhéal praghsanna ag a bhféadfaí sásra ceartúcháin margaidh a spreagadh.

Is éard atá sa sásra atá beartaithe, go bunúsach, uasteorainn sábháilteachta do phraghas na ndíorthach mí roimh ré TTF ('praghas TTF'), a bhfuil ról lárnach aige mar phraghas tagartha i margadh mórdhíola gáis na hEorpa. Gníomhachtaítear an uasteorainn má shroicheann bonn phraghas TTF leibhéal réamhshainithe agus mura bhfuil an t-ardú praghais ag freagairt d'ardú den chineál céanna ar leibhéal an mhargaidh domhanda, rud a léirítear trí mheánphraghas laethúil phraghas na measúnuithe GNL 'Daily Spot Mediterranean Marker (MED)' agus 'Daily Spot Northwest Europe Marker (NWE)', arna bhfoilsíú ag S&P Global Inc., Nua-Eabhrac.

D'fhonn éifeacht láithreach a áirithiú, moltar gur cheart na luachanna chun gníomhachtú an tsásra a spreagadh a shocrú roimh ré, ionas go seachnófar nósanna imeachta cinnteoireachta fada a d'fhéadfadh moill mhór a chur ar a ghníomhachtú agus ar an tionchar maolaithe ar phraghsanna atá beartaithe. A luaith a chomhlíonfar na coinníollacha maidir lena ghníomhachtú, ba cheart feidhm a bheith ag an sásra ceartúcháin margaidh go huathoibríoch.

Ceapadh an uasteorainn sábháilteachta maidir le todhchaíochtaí TTF go cúramach ionas nach ndéanfar difear don phraghasmhúnlú ag na margaí gáis réigiúnacha eile. Is é is cúis leis sin go ndéanann an t-athghású agus na scrogaill tarchuir atá ann faoi láthair difear níos lú do chomharthaí praghais na margaí eile sin, rud atá ina shaintréith de mhol gáis na hÍsiltíre agus, mar thoradh air sin, ag TTF.

Is é is cuspóir don ionstraim teagmhais ina bhfuil praghsanna an-iomarcach a shocrú ach gan leibhéal na bpraghsanna a athrú ó thaobh struchtúir de. Is féidir leis na teagmhais i mí Lúnasa 2022 a bheith ina dtagarmharc chun leibhéal na hidirghabhála a chinneadh.

Léirítear leis na sonraí atá ar fáil go raibh an difríocht praghsanna idir spotpraghsanna mí roimh ré TTF agus praghsanna GNL os cionn EUR 57/MWh le linn na tréimhse ón 22 Lúnasa go dtí an 31 Lúnasa. Shroich praghsanna na míosa is túisce leibhéil os cionn EUR 300. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an sásra ceartúcháin margaidh praghsanna neamhghnácha ar leibhéal a baineadh amach i mí Lúnasa seo caite a sheachaint.

Níl an chaidhp ceaptha lena gníomhaíochtú ach amháin in imthosca eisceachtúla chun aghaidh a thabhairt ar bhabhtaí fíorphraghsanna iomarcacha a d'fhéadfadh a bheith gearrthéarmach, ionas nach méadófar an tomhaltas gáis nádúrtha. Go deimhin, nuair a bhíonn praghsanna 'iomarcach', meastar go mbeidh an leaisteachas éilimh an-íseal agus ní mheastar go dtiocfadh laghdú suntasach ar thomhaltas mar thoradh ar na méaduithe breise gearrthéarmacha ar phraghsanna a sheachnaítear leis an gcaidhp. Ar deireadh, níl sé i gceist leis an sásra na praghsanna a íslíú ó thaobh struchtúir de, is é sin, dá gcuirfí ar aghaidh chuig na tomhaltóirí deiridh iad, go bhféadfadh níos mó tomhaltais gáis a bheith mar thoradh air.

Ní bheidh feidhm ag an uasteorainn sábháilteachta ach maidir le haon táirge todhchaíochtaí amháin (táirgí mí roimh ré TTF). Fiú nuair a ghníomhachtaítear an uasteorainn sábháilteachta, beidh oibreoirí margaidh fós in ann an spotghás a sholáthar, trí dhíorthaigh aibíochta níos faide agus thar an gcuntar nach ndéanann an sásra difear díreach dóibh. Ní mheastar, dá bhrí sin, go mbeidh 'ciondail' gháis nó fadhbanna le slándáil an tsoláthair mar thoradh ar ghníomhachtú an tsásra.

Tá cosaintí éifeachtacha mar chuid den sásra ceartúcháin margaidh, amhail uasteorainneacha arda idirghabhála, dlúthfhaireachán a fhágann gur féidir an sásra a bhriseadh i gcás ina mbeadh tionchar diúltach aige ar shlándáil an tsoláthair

D'fhoill athruithe féideartha ar staid an mhargaidh, agus chun freagairt d'iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ag an teorainn praghsanna, tá coimircí éifeachtúla mar chuid den togra chun a ráthú gur féidir an sásra a chur ar fionraí tráth ar bith má bhí suaití tromchúiseacha ar an margadh, nó riosca follasach maidir leis an méid sin, a dhéanadh difear do shlándáil an tsoláthair agus do shreafaí laistigh den Aontas mar thoradh air. Dhíghníomhachtófaí an uasteorainn sábháilteachta go huathoibríoch dá léireofaí san athbhreithniú míosúil nach ann a thuilleadh do na coinníollacha maidir lena gníomhachtú. Ba cheart comhlíonadh spriocanna laghdaithe éilimh an Aontais a chur san áireamh freisin agus measúnú á dhéanamh ar éifeachtaí an tsásra.

IV. COMHSHEASMHACHT LE FORÁLACHA BEARTAIS ATÁ SA RÉIMSE BEARTAIS CHEANA

An 23 Márta 2022, thíolaic an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht dar teideal 'Slándáil an tsoláthair agus praghsanna inacmhainne fuinnimh: Roghanna maidir le bearta láithreacha agus ullmhúchán a dhéanamh don gheimhreadh seo chugainn' (COM(2022) 138 final), inar leagadh amach an cuspóir maidir le soláthar gáis a áirithiú ar chostas réasúnta don gheimhreadh seo chugainn agus ina dhiaidh sin. Tagraíodh sa Teachtaireacht do phraghas an gháis a uasteorannú nó a mhodhnú trí mhodhanna rialála mar rogha a d'fhéadfaí a mheas chun ardú géar ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú. I mí Dheireadh Fómhair 2022, i bhfianaise na géarchéime atá ag dul in olcas, d'eisigh an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht inar athdhearbhíodh an gá le haghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh le bearta spriocdhírthe comhordaithe. Ina Theachttaireacht, mhol an Coimisiún sásra a chur ar bun chun praghsanna a theorannú tríd an bpríomhmalartán gáis san Eoraip, TTF, ar sásra é a spreagfar nuair is gá. An togra reatha le haghaidh sásra ceartúcháin margaidh, chun tionchar praghsanna gáis as cuimse ard a mhaolú, tá sé comhlántach leis na bearta a leag an Coimisiún amach ina Theachttaireachtaí.

Leis an togra seo, ní chuirtear i mbaol cuspóirí agus prionsabail Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú. Áirithítear leis an togra, i gcás éigeandáil ar an leibhéal réigiúnach nó ar leibhéal an Aontais, nach gcuirfidh an sásra ceartúcháin margaidh srian míchuí ar an sreabhadh gáis laistigh den mhargadh inmheánach, rud a chuirfeadh slándáil an tsoláthair gáis san Aontas i mbaol.

Tá an togra seo mar chuid de ghrúpa beart chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fuinnimh a ghlac an Chomhairle le roinnt míonna anuas.

Go sonrach, tá an togra seo nasctha go dlúth le Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle agus tá sé i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin sin. Áirithítear leis an togra, go háirithe, gur féidir leis an gCoimisiún an sásra ceartúcháin margaidh a chur ar fionraí má dhéantar difear diúltach don dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an sprioc maidir le coigilteas gáis a chur chun feidhme de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle, nó má bhíonn méadú foriomlán ar thomhaltas gáis mar thoradh air, ar bhonn sonraí maidir le tomhaltas gáis agus laghdú ar éileamh a fhaightear ó na Ballstáit de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle.

Ina theannta sin, tá faireachán agus tuairisciú tráthrialta agus éifeachtach fíor-riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le cur chun

feidhme na mbeart laghdaithe éilimh deonach agus sainordaitheach. Chun é sin a dhéanamh, agus sa bhreis ar na bearta faireacháin agus tuairiscithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle, coicís ar a dhéanaí tar éis an teagmhais cheartaithe margaidh, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta atá déanta acu chun tomhaltas gáis agus leictreachais a laghdú mar fhreagairt ar an teagmhas ceartúcháin margaidh, mura rud é gur ghlac an Coimisiún cinneadh fionraíochta. Is léiriú é an laghdú ar éileamh ar fud an Aontais ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta a chumhdaítear sa Chonradh.

Chun a áirithiú nach mbainfear leis an teagmhas ceartúcháin margaidh an dreasacht chun laghdú éilimh a shaothrú, ba cheart togra ón gCoimisiún teacht i ndiaidh ghníomhachtú an teagmhais cheartúcháin margaidh chun síneadh a chur leis na spriocanna laghdaithe éilimh dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle thar an 31 Márta 2023.

Ba cheart an tsaoirse a bheith ag na Ballstáit na bearta iomchuí a roghnú chun an t-éileamh a laghdú. Agus bearta iomchuí laghdaithe éilimh á sainaithint acu, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar úsáid a bhaint as na bearta a shainaithin an Coimisiún ina theachtaireacht an 20 Iúil 2022 dar teideal ‘Coigil Gás le haghaidh Geimhreadh Sábháilte’.

Ina theannta sin, tá an togra seo comhlántach leis na cuspóirí maidir le sásra bainistíochta luaineachta ionlae a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar luaineacht ghearrthéarmach sa mhargadh mar a leagtar amach in Airteagal 15 de Thogra mhí Dheireadh Fómhair, agus lena gcuirtear de chúram ar ACER tagarmharc laethúil GNL a tháirgeadh agus a fhoilsiú chun ionadaíochas innéacsanna a fheabhsú mar a leagtar amach in Airteagal 18 de Thogra mhí Dheireadh Fómhair. Déantar foráil i dTogra mhí Dheireadh Fómhair maidir le hionstraim chun teorainn a chur le hathruithe foircneacha laistigh de thréimhse ghearr (scoradáin trádála) ach ní leor é chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a léiríodh i mí Lúnasa 2022, agus dá thoradh sin, comhlánaíonn an togra seo Togra mhí Dheireadh Fómhair i ndáil leis an méid sin.

Thairis sin, tá an togra seo comhsheasmhach le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, go háirithe maidir le soláthar fuinnimh slán inacmhainne san Aontas a áirithiú trí shásra a chur ar fáil lena maolófar éifeachtaí praghsanna gáis an-ard ar thomhaltóirí an Aontais agus ar a Bhallstáit, agus — san am céanna — tá sé ceaptha ar bhealach nach n-isleofar go struchtúrach na praghsanna a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le níos mó tomhaltais gáis dá gcuirfí ar aghaidh chuig na tomhaltóirí deiridh iad.

V. COMHSHEASMHACHT LE BEARTAIS EILE DE CHUID AN AONTAIS

Tá an togra comhoiriúnach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe na rialacha maidir le beartas an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear rialacha iomaíochta agus rialacha a bhaineann le margaí airgeadais. Go sonrach, tá sé comhlántach leis an Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (EMIR), a bhfuil sé d’aidhm aige an riosca sistéamach a laghdú, trédhearcacht sa mhargadh thar an gcuntar a mhéadú agus cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, agus tá sé comhlántach leis an Rialachán Airgeadais (MiFID II), lena gceanglaítear ar mhargaí rialáilte tacar sásraí a chur ar bun chun luaineacht mhór sna margaí airgeadais a shrianadh agus chun patrúin trádála earráideacha a chosc. Ní chuireann an togra isteach go míchuí ar phrionsabail dhlí na hiomaíochta. Go sonrach, tá an sásra ceartúcháin margaidh ceaptha ar bhealach chun an idirghabháil a theorannú do chásanna ina bhfuil praghsanna thar a bheith ard, nuair nach gcuireann innéacs TTF seachshonraí leormhaithe ar fáil a thuilleadh maidir le praghsanna a léiríonn dinimic an mhargaidh san Eoraip go cruinn.

IV. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

1. Bunús dlí

Is é Airteagal 122(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') an bunús dlí don ionstraim shealadach seo. Ní mór do bhearta de bhun Airteagal 122(1) CFAE freagairt d'éigeandáil nó do staid eisceachtúil as a dtagann deacrachtaí tromchúiseacha i staid eacnamaíoch na mBallstát, go háirithe má thagann géardheacrachtaí chun cinn maidir le soláthar fuinnimh, nach féidir aghaidh a thabhairt orthu le gnáthbhearta. Ina theannta sin, ní mór na bearta a dhéanamh de mheon na dlúthpháirtíochta agus ní mór iad a bheith go hiomlán sealadach.

Leis an togra seo, mar a rinneadh le bearta sealadacha géarchéime a ghlac an Chomhairle le roinnt míonna anuas, tugtar aghaidh ar ghéarchéim thromchúiseach eacnamaíoch, a d'eascair, *inter alia*, as deacrachtaí maidir le soláthar fuinnimh. Is de chineál sealadach é an sásra ceartúcháin margaidh.

2. Dlúthpháirtíocht

Tar éis fhogha na Rúise faoin Úcráin, tá praghsanna gáis tar éis leibhéil gan choinne a bhaint amach le harduithe ollmhóra go háirithe i mí Lúnasa 2022. Maidir le luaineacht na margáí gáis, na méaduithe neamhfheicthe ar phraghsanna gáis, agus na harduithe eisceachtúla, tá tionchar ag na nithe sin ar Bhallstáit éagsúla ar bhealaí éagsúla neamhchothroma. Mar sin féin, is ábhar inní do na Ballstáit uile éifeachtaí indíreacha na n-arduithe praghsanna, amhail praghsanna fuinnimh agus boillsciú atá ag méadú.

Maidir leis na heasnamh sa chóras praghasmhúnlaith, tá ról difriúil ag na heasnamh sin i mBallstáit éagsúla, agus bíonn méaduithe praghsanna níos ionadaíche i roinnt Ballstát (e.g. Ballstáit Lár na hEorpa) ná mar atá i mBallstáit eile (e.g. Ballstáit ar an imeall nó Ballstáit a bhfuil féidearthachtaí soláthair eile acu). Chun gníomhaíocht ilroinnte a sheachaint, rud a d'fhéadfadh margadh gáis comhtháite an Aontais a dheighilt, tá gá le comhghníomhaíocht de mheon na dlúthpháirtíochta. Tá sé sin rithábhachtach freisin chun slándáil an tsoláthair san Aontas a áirithiú.

Thairis sin, le coimircí comhchoiteanna, a bhféadfadh gá níos mó a bheith leo i mBallstáit gan roghanna malartacha soláthair ná mar a bheadh sna Ballstáit a bhfuil níos mó roghanna malartacha acu, áirithítear cur chuige comhordaithe mar léiriú ar an dlúthpháirtíocht fuinnimh, a formhuiníodh le déanaí mar bhunphrionsabal de dhlí an Aontais⁸.

Go deimhin, cé go bhfuil éagsúlacht i gceist leis na rioscaí agus na tairbhí airgeadais do na Ballstáit éagsúla, is comhréiteach é an sásra ceartúcháin margaidh de mheon na dlúthpháirtíochta, ina gcomhaontaíonn na Ballstáit uile rannchuidiú le ceartú an mhargaidh agus glacadh leis na teorainneacha céanna maidir leis an bpraghasmhúnlu, cé go bhfuil éagsúlacht ag baint le leibhéal mhífheidhmiú an tsásra praghasmhúnlaith agus tionchar airgeadais praghsanna TTF ar an ngeilleagar i mBallstáit éagsúla.

Dá bhrí sin, leis an sásra ceartúcháin margaidh, neartófar dlúthpháirtíocht an Aontais chun praghsanna iomarcacha a sheachaint, ar praghsanna iad nach bhfuil inbhuanaithe fiú ar feadh tréimhsí gearra do roinnt mhaith Ballstát. Leis an mbeart atá beartaithe, rannchuideofar lena

⁸ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 15 Iúil 2021, an Ghearmáin v an Pholainn, C-848/19 P, ECLI:EU:C:2021:598.

áirithiú go mbeidh gnóthais soláthair gáis ó na Ballstáit uile in ann gás a cheannach ar phraghsanna réasúnta de mheon dlúthpháirtíochta.

3. Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tá na bearta atá beartaithe don tionscnamh seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Mar gheall ar chineál comhtháite na margáí gáis agus airgeadais, is í gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais an bealach is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na mbuaiceanna praghais ar fud an Aontais.

Baineann gníomhaithe margaidh san Aontas úsáid as TTF mar thagairt toisc gurb é an mol trádála is leachtaí san Eoraip, agus measadh é a bheith ionadaíoch ar an margadh ar fad. Mar sin féin, tá tosca seachtracha tar éis cur isteach ar fheidhmiú an mhargaidh agus go háirithe ar fheidhm an tagarmhairc TTF mar pharaiméadar oibiachtúil le haghaidh custaiméirí gáis ar fud na hEorpa. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige comhordaithe ar leibhéal an Aontais chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar staideanna eisceachtúla nuair nach féidir le TTF feidhmiú go cuí mar thagarmharc oiriúnach le haghaidh rannpháirtithe sa mhargadh ar fud an Aontais.

I bhfianaise chineál na géarchéime soláthair gáis nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus a héifeachtaí trasteorann, tá údar le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais toisc nach féidir leis na Ballstáit ina n-aonar aghaidh a thabhairt ar bhealach leordhóthanach éifeachtach ar an riosca go mbeidh deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha ann mar thoradh ar ardú géar ar phraghsanna fuinnimh agus ar shuaití móra soláthair. Ní féidir a áirithiú ach le gníomhaíocht de chuid an Aontais a spreagfar le meon na dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit, nach ndéanfaidh ardú mór ar phraghsanna fuinnimh díobháil mharthanach do shaoránaigh agus don gheilleagar.

De dheasca a fhairsinge agus na éifeachtaí, is fearr is féidir aidhm an bhirt a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, agus dá bhrí sin féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

4. Comhréireacht

I bhfianaise na staide geopholaitiúla nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus i bhfianaise na bagartha móire do shaoránaigh agus do gheilleagar an Aontais, is léir go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe.

Is bealach oiriúnach é an toirmeasc ar dhíorthaigh TTF na míosa is túisce a fhorghníomhú os cionn na huasteorann sa togra seo chun na praghsanna as cuimse ard sin a sheachaint ar fud na hEorpa, lena n-áirítear i margáí eile ar fud an Aontais.

Is gné choiteann iad teorainneacha tairisceana i margáí trádála chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna leis na sásraí praghasmhúnlaith a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héifeachtaí díobhálacha do thomhaltóirí. Tá sásraí den sórt sin ann, mar shampla, i margáí leictreachais an Aontais (féach e.g. Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/943), agus is féidir teacht orthu freisin i margáí lasmuigh den Aontas, amhail sna Stáit Aontaithe. Mar shampla, tá teorainneacha praghsanna agus bandáil praghsanna ag an Malartán Mercantile Chicago (CME), áit a ndéantar conradh todhchaíochtaí Henry Hub a thrádáil. Is éard is teorainneacha praghsanna ann an raon praghsanna uasta a cheadaítear do chonradh todhchaíochtaí i ngach seisiún trádála.

Thairis sin, níl sé i gceist leis an sásra go ndéanfaí idirghabháil i ngnáth-idirghníomhú an éilimh agus an tsoláthair ná go ndéanfaí ‘caidhp’ ar an ngnáthshocrú praghsanna. Ní spreagfar an sásra ach amháin i staideanna fioreisceachtúla ina bhfuil an méadú ar phraghsanna ar TTF neamhbhainteach le praghsanna ar mhalartáin eile, rud a chuirfeadh amhras ar a n-oiriúnacht mar phraghas tagartha.

Ní spreagfar an sásra ceartúcháin margaidh ach amháin i gcúinsí eisceachtúla ar feadh tréimhse atá teoranta go docht. Ní dócha go mbeidh tionchar mór ar leachtacht mol eile. Déantar conarthaí TTF a thrádáil freisin ar na margaí sin chun críocha fálaithe, mar sin féin, is féidir le teorainneacha praghsanna léiriú a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh ar straitéisí fálaithe, ionas gur féidir leo fálú in aghaidh praghsanna arda sa todhchaí. Na margaí ilchríochacha nach bhfuil rochtain acu ar GNL, lean siad de bheith ailínithe go dlúth le TTF, mar sin beidh tionchar teoranta ag aon chaidhp phraghais ar TTF ar leachtacht na margaí sin.

Thairis sin, déanfar an teorainn tairisceana a dhíghníomhachtú láithreach nuair a scoirfidh na himthosca eisceachtúla sin de bheith ann. Ina theannta sin, tá sraith chuimsitheach coimircí ag gabháil leis an sásra ceartúcháin margaidh, rud a fhágann gur féidir an sásra a chur ar fionraí, má tharlaíonn suaití neamhbheartaithe sa mhargadh, rud a dhéanann difear diúltach do shlándáil an tsoláthair agus do shreafaí laistigh den Aontas. Ar deireadh, ní dhéanann an beart difear míchuí do chearta rannpháirtithe sa mhargadh chun leanúint de ghnó a dhéanamh, toisc nach ndéanfaidh an teorainn trádála difear do chearta rannpháirtithe sa mhargadh chun idirbhearta déthaobhacha nó idirbhearta thar an gcuntar a thabhairt i gcric.

Dá bhrí sin, ní théann an idirghabháil thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir beartais atá á shaothrú a bhaint amach agus dá bhrí sin tá sí comhréireach. Is ionstraim oiriúnach é an sásra ceartúcháin margaidh atá riachtanach agus comhréireach chun an cuspóir a bhaint amach, is é sin tionchar praghsanna gáis as cuimse ard a mhaolú.

5. An rogha ionstraim

Agus méid na géarchéime fuinnimh á cur san áireamh chomh maith le méid a thionchair shóisialta, eacnamaíoch agus airgeadais, measann an Coimisiún go bhfuil sé oiriúnach gníomhú trí bhíthin rialacháin a bhfuil raon feidhme ginearálta aige agus atá infheidhme láithreach agus go díreach. D’fhágfadh sin go mbeadh sásra tapa, aonfhoirmeach, uile-AE ann.

V. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

1. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Mar gheall ar a phráinní atá sé an togra a ullmhú ionas go bhféadfaidh an Chomhairle é a ghlacadh in am, níorbh fhéidir comhairliúchán a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara.

Mar sin féin, reáchtáladh Seimineár leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara an 7 Meán Fómhair maidir le hidirghabhálacha éigeandála a d’fhéadfaí a dhéanamh sna margaí gáis.

Tionóladh seimineár an 7 Samhain 2022 chun an sásra ceartúcháin margaidh a phlé le príomh-rannpháirtithe sa mhargadh agus leis na Ballstáit d’fhonn an bealach chun cinn is fearr a leagan amach. Bhí malartuithe ann freisin leis na Ballstáit le linn chruinnithe na meithle sa Chomhairle i ndiaidh an togra ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2022 maidir le bearta nua i ndáil le ceannach comhpháirteach gáis, sásraí teorannaithe praghsanna, agus úsáid

thrédhearcach bonneagair, chomh maith le dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus bainistiú éilimh.

Leis sin, bhíothas in ann na coimircí ábhartha a shainaithint chun aon riosca a d'fhéadfadh teacht as an sásra a íoslaghdú.

2. Cearta bunúsacha

Is sásra sealadach é an sásra ceartúcháin margaidh sealadach agus ní ghníomhachtaítear é ach amháin nuair a chomhlíontar coinníollacha áirithe. Ar an gcaoi sin, léirítear, leis na coinníollacha sin, staid atá díobhálach do gheilleagar an Aontais agus dá shlándáil fuinnimh agus ba cheart aghaidh a thabhairt uirthi dá bhrí sin. Thairis sin, tá coimircí daingne sa sásra ceartúcháin margaidh lena gcuirfí cosc ar theacht chun cinn aon saincheist a bhaineann le cearta bunúsacha. Cumhdaítear leis sásra díghníomhachtaithe a chuirfidh deireadh leis mura bhfuil bonn cirt lena oibriú a thuilleadh de bharr staid an mhargaidh gáis nádúrtha. Agus fiú má mhaireann na coinníollacha lena dtugtar bonn cirt do ghníomhachtú an tsásra ceartúcháin, foráiltear leis an rialachán go bhféadfaí an sásra a chur ar fionraí dá dtarlódh suaití neamhbheartaithe sa mhargadh. Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún cinneadh fionraí den sórt sin a ghlacadh i gcás ina dtarlódh suaití neamhbheartaithe sa mhargadh.

Dá bhrí sin, tá an sásra ceartúcháin margaidh comhréireach agus tá údar cuí leis, sa mhéid nach mbeidh tionchar níos mó aige ná mar is gá maidir le cearta bunúsacha amhail an tsaoirse chun gnó a dhéanamh i bhfianaise na héifeachta a bheadh ag neamhghníomhaíocht ar gheilleagar an Aontais agus ar shlándáil fuinnimh an Aontais.

VI. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann an tionchar buiséadach ar bhuiséad an Aontais a bhaineann leis an togra seo le hacmhainní daonna Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Is éard atá i gceist leis an sásra seo nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo cúraimí — lena n-áirítear cúraimí maidir le feidhmiú na margái tráchtearraí agus slándáil an tsoláthair — nach bhfuil mar chuid de ról an Choimisiúin faoi láthair. I ngeall ar an leibhéal freagrachta a bhaineann le cúram den sórt sin, tá sé fíorthábhachtach go n-áiritheofaí tionlacan leordhóthanach ó sheirbhísí an Choimisiúin, agus ról treisithe á leithdháileadh ar Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh, go háirithe maidir le faireachán agus measúnú airgeadais agus margaidh (6FTE). Chun an sásra ceartúcháin margaidh a chur chun feidhme go héifeachtúil, beidh tacaíocht ó ACER ríthábhachtach maidir le faireachán a dhéanamh ar an sásra, é a ghníomhachtú agus é a chur ar fionraí. Dá bhrí sin, an tionchar buiséadach ar bhuiséad an Aontais a bhaineann leis an togra seo, baineann sé freisin le hacmhainní daonna agus caiteachas riaracháin eile ACER (6 FTE).

VII. EILIMINTÍ EILE

Ní bhaineann le hábhar.

2022/0393 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

Lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh agus an geilleagar a chosaint ar phraghsanna as cuimse ard

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin agus an laghdú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar sholáthairtí gáis nádúrtha ó Chónaidhm na Rúise chuig na Ballstáit, cuirtear slándáil an tsoláthair i mbaol san Aontas agus ina Bhallstáit. An tráth céanna, mar thoradh ar armú an tsoláthair gáis agus cúbláil Chónaidhm na Rúise ar na margai trí shuaití d'aon ghnó ar shreafaí gáis, tháinig méadú an-mhór ar phraghsanna fuinnimh san Aontas. Mar gheall ar an athrú atá ag teacht ar bhealaí soláthair, rud a fhágann go bhfuil plódú i mbonneagar gáis na hEorpa, agus mar gheall ar an ngá le foinsí malartacha soláthair gáis agus córais phraghasmhúnlaith a aimsiú nach bhfuil curtha in oiriúint do shuaitheadh soláthair, cuireadh le staid na luaineachta praghsanna agus na n-arduithe praghsanna. Le praghsanna gáis nádúrtha níos airde, cuirtear geilleagar an Aontais i mbaol trí bhoilsciú ard marthanach atá de thoradh ar phraghsanna leictreachais níos airde, rud a dhéanann dochar do chumhacht ceannaigh tomhaltóirí, chomh maith le trí chostas na monaraíochta a ardú, go háirithe i dtionscal dianfhuinnimh, agus cuirtear slándáil an tsoláthair i mbaol go mór.

(2) In 2022, bhí praghsanna gáis nádúrtha as cuimse luaineach, agus bhain roinnt tagarmharcanna amach na leibhéil is airde riamh i mí Lúnasa 2022. An leibhéal neamhghnách i bpraghsanna gáis nádúrtha a cláraíodh i mí Lúnasa 2022, bhí sé sin mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, lena n-áirítear dianchothromaíocht idir an soláthar agus an t-éileamh atá nasctha le hathlíonadh stórála agus laghdú ar shreafaí píblíne, an eagla go gcuirfeadh an Rúis isteach níos mó ar an soláthar agus an eagla roimh chúbláil mhargaidh eile de chuid na Rúise, agus sásra praghasmhúnlaith nach raibh curtha in oiriúint do na hathruithe ollmhóra sin ar an éileamh agus ar an soláthar agus a chuir leis an ardú as cuimse ar phraghsanna. Cé go raibh praghsanna le 10 mbliana anuas laistigh de bhanda idir EUR 5/MWh agus EUR 35/MWh, shroich praghsanna gáis nádúrtha na hEorpa leibhéil a bhí 1000 % níos airde ná na meánphraghsanna a chonacthas roimhe seo san Aontas. Todhchaíochtaí Gáis TTF na hÍsiltíre (táirgí 3 mhí/ráithiúla) a thrádáiltear ar an malartán ICE Endex⁹ ag leibhéil beagán faoi bhun EUR 350/MWh, shroich gás lá roimh ré TTF a thrádáiltear ar EEX EUR 316/MWh. Níor shroich praghsanna gáis leibhéil amhail na leibhéil a tugadh faoi deara i mí Lúnasa 2022 riamh roimhe seo.

⁹ Tá ICE ENDEX ar cheann de na malartáin fuinnimh is mó san Eoraip. Maidir le gás, cuireann sé trádáil rialáilte todhchaíochtaí agus roghanna ar fáil do mhol trádála Shaoráid Aistrithe Teidil na hÍsiltíre (TTF).

(3) I ndiaidh an damáiste a rinneadh do phíblíne Nord Stream 1 i mí Mheán Fómhair 2022 ar dócha gurb é gníomh sabaitéireachta ba chúis leis, níl aon dóchúlacht ann go bhfillfidh soláthairtí gáis ón Rúis chuig an tAontas ar na leibhéil a bhí ann roimh an gcogadh go luath amach anseo. Leanann tomhaltóirí agus gnólachtaí na hEorpa de bheith neamhchosanta ar an riosca follasach go bhféadfadh babhtáí eile arduithe tobanna ar phraghsanna gáis a bheith ann a dhéanann dochar don gheilleagar. De bharr teagmhais dhothuartha, amhail timpistí, sabaitéireacht píblínite, stoirmeacha aimsire lena gcuirtear isteach ar sholáthairtí gáis chuig an Eoraip nó lena méadaítear an t-éileamh, d'fhéadfadh sé go gcuirfí slándáil an tsoláthair go mór i mbaol. An teannas agus an t-imní sa mhargadh, arb é a spreagann an méid sin an eagla go dtarlódh ganntanas tobann, is dócha go leanfaidh an teannas agus an t-imní sin ar aghaidh níos faide ná an geimhreadh seo agus go dtí an bhliain seo chugainn, toisc go meastar go dtógfaidh sé 1 bhliain nó níos mó le dul in oiriúint do shuaití an tsoláthair agus le caidreamh agus bonneagar nua maidir le soláthar a bhunú.

(4) Meastar go coitianta gurb é an tSaoráid Aistrithe Teidil ('TTF') san Ísiltír an fhoinse 'chaighdeánach' seachphraghsanna maidir le margaí gáis na hEorpa. Is amhlaidh atá mar gheall ar leachtacht na saoráide sin a bhíonn ard de ghnáth mar gheall ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear a suíomh geografach, ar rud é a chuir ar chumas an TTF i dtimpeallacht réamhchogaidh gás nádúrtha a fháil ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear méideanna móra ón Rúis. Mar sin, úsáidtear go forleathan í mar phraghas tagartha i bhfoirmli praghsála conarthaí soláthair gáis, chomh maith le mar bhonn praghsanna in oibríochtaí fálaíthe/díorthach ar fud an Aontais, lena n-áirítear i moil nach bhfuil nasctha go díreach le TTF. De réir shonraí an mhargaidh, ba é mol TTF ba chúis le thart ar 80 % den ghás nádúrtha a trádáladh san Aontas Eorpach agus sa Ríocht Aontaithe le chéile sna chéad 8 mí de 2022.

(5) Mar sin féin, bhí tionchar ag na hathruithe suaiteacha ar mhargaí fuinnimh an Aontais ó bhí mí Feabhra 2022 ann ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht na sásraí traidisiúnta praghasmhúnlaíthe sa mhargadh mórdhíola gáis, go háirithe ar thagarmharc TTF. Cé gurbh fhoinse mhaith seachshonraí a bhí in TTF do phraghsanna gáis i réigiúin eile san Eoraip san am a chuaigh thart, ó mhí Aibreáin 2022 tá sé scoite ó phraghsanna ag moil agus áiteanna trádála eile san Eoraip, agus ó na measúnuithe ar phraghsanna a rinne gníomhaireachtaí tuairiscithe praghsanna maidir le hallmhairí GNL. Baineann sé seo den chuid is mó leis na srianta bonneagair áirithe a bhaineann le córas gáis Iarthuaisceart na hEorpa i dtéarmaí tarchur píblíne (Thiar-Thoir) agus i dtéarmaí toilleadh athghásaithe GNL araon. B'iad na teorainneacha sin ba chúis, i bpáirt, leis an méadú ginearálta ar phraghsanna gáis ó thús na géarchéime san Eoraip i ndiaidh armú na Rúise ar an bhfuinneamh. Léirítear leis an mbearna neamhghnách idir TTF agus moil réigiúnacha eile i mí Lúnasa 2022 go bhféadfadh sé, faoi na himthosca sonracha sa mhargadh faoi láthair, nach bhfuil TTF ina fhoinse mhaith seachshonraí maidir le staid an mhargaidh lasmuigh d'Iarthuaisceart na hEorpa, áit a bhfuil srianta bonneagair ag bagairt ar na margaí. Le linn babhtáí ganntanais i margadh Iarthuaisceart na hEorpa, d'fhéadfadh dálaí margaidh níos fabhraí a bheith ag margaí réigiúnacha eile lasmuigh d'Iarthuaisceart na hEorpa agus dá bhrí sin bíonn tionchar míchuí orthu trí innéacsú conartha le TTF. Dá bhrí sin, cé go mbaineann TTF a chuspóir amach fós maidir leis an soláthar agus an t-éileamh a chothromú in Iarthuaisceart na hEorpa, tá gá le gníomhaíocht chun teorainn a chur leis an éifeacht a bhíonn ag babhtáí neamhghnácha praghsanna iomarcacha TTF ar mhargaí réigiúnacha eile san Aontas.

(6) Tá bearta éagsúla ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann leis na sásraí praghasmhúnlaíthe atá ann faoi láthair. Féidearthacht amháin atá ann do chuideachtaí Eorpacha a ndéanann na suaití sa mhargadh le déanaí agus easnaimh an chórais praghasmhúnlaíthe difear dóibh ná dul i mbun athchaibidlíú maidir leis na conarthaí TTF-bhunaithe atá ann cheana. Toisc nach ionann ábharthacht reatha na dtagairtí praghais a

bhaineann le todhchaíochtaí TTF agus an ábharthacht a bhí acu san am atá caite agus toisc nach féidir a áirithiú go bhfuil siad ionadaíoch ó thaobh staid an mhargaidh gáis lasmuigh d'Iarthuaisceart na hEorpa, féadfaidh ceannaitheoirí áirithe féachaint leis na fadhbanna atá ann faoi láthair maidir le praghasmhúnlú agus tagarmharc TTF a réiteach trí bhíthin athchaibidlíú lena gcomhpháirtithe conartha, bíodh sin faoi théarmaí sainráite an chonartha nó de réir phrionsabail ghinearálta dhlí na gconarthaí.

(7) Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh cuideachtaí allmhairíochta nó Ballstáit atá ag gníomhú thar a gceann dul i dteagmháil le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun conarthaí soláthair atá ann cheana a athchaibidlíú nó chun teacht ar chomhaontú maidir le conarthaí nua soláthair le foirmlí praghsála níos iomchuí atá oiriúnaithe don staid reatha luaineachta. Le ceannach comhordaithe tríd an uirlis TF arna cruthú faoi Rialachán (AE) [XXXX/2022], d'fhéadfaí deiseanna a chur ar fáil praghas na n-allmhairí fuinnimh a ísliú, rud a laghdódh an gá le hidirghabháil sa mhargadh.

(8) Thairis sin, mar chuid de rialáil an mhargaidh airgeadais, cuimsítear roinnt coimircí cheana féin chun babhtáí luaineachta foircní a theorannú, mar shampla trína cheangal ar ionaid trádála 'scoradáin trádála' ghearrthéarmacha, mar a thugtar orthu, a bhunú, rud a chuireann teorainn le méaduithe foircneacha ar phraghsanna le haghaidh uaireanta áirithe chun na críche sin. Leis an sásra bainistithe luaineachta ionlae, a tugadh isteach le hAirteagail 15 go 17 de Rialachán (AE) [XXXX/2022] ón gComhairle, rannchuidítear le luaineacht fhoircneach praghsanna i margaí na ndíorthach fuinnimh a theorannú laistigh de 1 lá. Mar sin féin, ní oibríonn na sásraí sin ach ar bhonn gearrthéarmach, agus níl sé i gceist leo cosc a chur ar phraghsanna margaidh leibhéil iomarcacha áirithe a bhaint amach.

(9) Is gné thábhachtach eile é an t-éileamh a laghdú chun dul i ngleic le fadhb na mbuaiceanna móra praghsanna. Tríd an éileamh ar ghás agus ar leictreachas a laghdú, is féidir tionchar maolaithe a imirt ar phraghsanna margaidh agus dá bhrí sin is féidir rannchuidiú leis na fadhbanna a bhaineann le praghsanna arda neamhghnácha gáis a mhaolú. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Deireadh Fómhair 2022, maidir le sásra éifeachtach chun a áirithiú go mbainfear an leas is mó is féidir as an laghdú ar éileamh, agus nach mbeidh méadú ar úsáid gháis mar thoradh ar ghníomhachtú an tsásra.

(10) Cé go bhfuil na bearta atá ann cheana ar fáil, dá bhrí sin, chun dul i ngleic le roinnt de na gnéithe is cúis leis na fadhbanna a bhaineann le praghasmhúnlú sna margaí gáis, leis na bearta sin ní ráthaítear go mbeidh réiteach láithreach agus sách cinnte ar na fadhbanna atá ann faoi láthair.

(11) Is gá, dá bhrí sin, sásra sealadach ceartúcháin margaidh a bhunú le haghaidh idirbhearta gáis nádúrtha i margadh díorthach mí roimh ré TTF, mar ionstraim i gcoinne babhtáí praghsanna gáis as cuimse ard agus go mbeidh éifeacht láithreach leis an sásra sin.

(12) Leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Deireadh Fómhair 2022, tugadh sainordú don Choimisiún reachtaíocht a mholadh maidir le sásra ceartúcháin margaidh arb é ba cheart don reachtaíocht sin a dhéanamh tógáil ar Airteagail 23 agus 24 den togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena bhfeabhsaítear an dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gáis, ar mhalartuithe gáis thar theorainneacha agus ar thagarmharcanna iontaofa praghais an 18 Deireadh Fómhair 2022 ('Togra mhí Dheireadh Fómhair').

(13) Ba cheart, ar thaobh amháin, na bunchritéir agus coimircí a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Deireadh Fómhair 2022 agus in Airteagail 23 agus 24 de Thogra mhí Dheireadh Fómhair a chur san áireamh agus an sásra ceartúcháin margaidh á

cheapadh. Ba cheart, ar an taobh eile, iad a úsáid chun a ráthú go gcuirfear deireadh le gníomhachtú féideartha an tsásra ceartúcháin margaidh mura bhfuil na coinníollacha chun é a ghníomhachtú i bhfeidhm a thuilleadh nó má tharlaíonn suaití neamhbheartaithe sa mhargadh.

(14) Ba cheart an sásra ceartúcháin margaidh a cheapadh ar bhealach lena gcomhlíonfar dhá bhunchritéar, is iad sin go ngníomhóidh sé mar ionstraim éifeachtach i gcoinne babhtáí praghsanna gáis an-ard, agus nach ndéanfar é a ghníomhachtú ach amháin má shroicheann praghsanna leibhéil as cuimse ard i gcomparáid leis na margaí domhanda, chun suaití móra sa mhargadh agus cur isteach mór ar chonarthaí soláthair a sheachaint, rud a d'fhéadfadh rioscaí tromchúiseacha a bheith ag baint leis ó thaobh shlándáil an tsoláthair de.

(15) Ba cheart an idirghabháil tríd an sásra ceartúcháin margaidh a theorannú d'aghaidh a thabhairt ar na heasnamh is tábhachtaí maidir le praghasmhúnlú. Is é praghas socraíochta mí roimh ré TTF le haghaidh díorthach an tagarmharc is mó a úsáidtear i gconarthaí soláthair gáis ar fud an Aontais. Ní bhíonn na fadhbanna céanna ag tagarmharcanna eile, ar fadhbanna iad a eascraíonn go háirithe as scrogaill acmhainne i lár na hEorpa. Ní hamháin go mbaineann go leor trádálaithe úsáid as tagairt mí roimh ré TTF ina ndíorthaigh, ach is minic freisin a úsáideann gnóthais soláthair gáis í ina gconarthaí soláthair. Dá bhrí sin, is iomchuí an idirghabháil a theorannú do phraghas socraíochta mí roimh ré TTF.

(16) Le hachtú an tsásra ceartúcháin margaidh, tabharfar comhartha soiléir don mhargadh nach nglacfaidh an tAontas le praghsanna iomarcacha a eascraíonn as praghasmhúnlú neamhfhoirfe. Le hachtú an tsásra sin, ba cheart cinnteacht a chur ar fáil freisin do ghníomhaithe sa mhargadh maidir le teorainneacha iontaofa ar thrádáil gáis, agus is féidir leis coigiltí eacnamaíocha tábhachtacha a thabhairt do chuideachtaí agus do theaghlaigh araon ionas nach mbeidh siad chomh neamhchosanta ar bhabhtáí praghsanna fuinnimh as cuimse ard.

(17) Leis an sásra, ba cheart uasteorainn sábháilteachta a thabhairt isteach maidir le praghas dhíorthaigh mí roimh ré TTF. Ba cheart an uasteorainn a ghníomhachtú má shroicheann praghas TTF leibhéal réamhshainithe, agus mura bhfreagraíonn an t-ardú ar phraghas d'arduithe comhchosúla ar leibhéal an mhargaidh réigiúnaigh nó ar leibhéal an mhargaidh dhomhanda. Nuair a ghníomhachtaítear an sásra, ba cheart go n-áiritheofar le huasteorainn sábháilteachta, nach nglacfar le horduithe trádála ar phraghsanna atá os cionn EUR 275 agus ba cheart an uasteorainn a bheith cobhsaí ar feadh tréimhse áirithe, chun uasmhéid intuarthachta a áirithiú maidir leis an idirghabháil. Déanfar an méid sin ionas go seachnófar na míbhuntáistí a bhaineann le huasteorainn le hathruithe laethúla, rud nach mbeadh chomh trédhearcach agus a bheadh níos deacra a thuar do ghníomhaithe margaidh, rud a chuirfeadh teorainn lena gcumas maidir lena n-ionchais don todhchaí a choigeartú. Le huasteorainn sábháilteachta réamhshainithe, is féidir le gníomhaithe sa mhargadh a n-ionchais maidir le forbairt praghsanna amach anseo a choigeartú dá réir. Ba cheart gnéithe dinimiciúla a bheith sa sásra ceartúcháin margaidh, áfach. Ba cheart forbairtí dinimiciúla margaidh a chur san áireamh trí athbhreithnithe tráthrialta agus tríd an bhféidearthacht a bheith ann an teorainn tairisceana a dhíghníomhachtú tráth ar bith. Ba cheart go gcuirfí san áireamh leis an ngníomhachtú freisin an raon difríochta idir spotinnéacs TTF um ghás na hEorpa, agus praghas tagartha, arna chinneadh le meánphraghas na measúnuithe ar phraghsanna GNL atá nasctha le moil trádála Eorpacha, rud a d'fhéadfadh athrú le himeacht ama.

(18) Chun aon riosca a sheachaint go mbeadh iompraíocht chlaonpháirteach neamhdhleathach i measc soláthróirí nó trádálaithe gáis nádúrtha mar thoradh ar theorainn tairisceana ar phraghas dhíorthaigh mí roimh ré TTF, ba cheart do rialtóirí airgeadais, ACER agus na húdaráis iomaíochta breathnú go cúramach ar mhargaí na ndíorthach gáis agus fuinnimh go háirithe agus sásra ceartúcháin an mhargaidh á ghníomhachtú.

(19) Ba cheart an sásra ceartúcháin margaidh a bheith de chineál sealadach agus níor cheart é a ghníomhachtú ach amháin chun teorainn a chur le babhtáí praghsanna gáis nádúrtha as cuimse ard, ar praghsanna iad nach bhfuil ag teacht le praghsanna ag malartáin gháis eile. Chuige sin, ba cheart dhá choinníoll charnacha a chomhlíonadh chun go n-oibreoidh an sásra ceartúcháin margaidh.

(20) Níor cheart an sásra ceartúcháin margaidh a ghníomhachtú ach amháin i gcás ina sroicheann praghsanna socraíochta dhíorthaigh TTF na míosa is túisce leibhéal réamhshainithe as cuimse ard. An taithí a fuarthas i bhfianaise na dteagmhas a tharla roimhe seo, amhail an t-ardú as cuimse ar phraghsanna a léiríodh i mí Lúnasa 2022, ba cheart an taithí sin a bheith ina treoir maidir le sainiú na leibhéal praghsanna, ar leibhéal é ag ar cheart an sásra ceartúcháin margaidh a spreagadh. Léirítear sna sonraí atá ar fáil go raibh an difríocht sa phraghas idir spotpraghsanna TTF agus praghsanna GNL os cionn EUR 57/MWh i mí Lúnasa 2022. Shroich praghsanna na míosa is túisce leibhéil os cionn EUR 300. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an sásra ceartúcháin margaidh praghsanna neamhghnácha ar leibhéal a baineadh amach i mí Lúnasa seo caite a sheachaint.

(21) Thairis sin, níor cheart an sásra ceartúcháin margaidh a ghníomhachtú ach amháin nuair a shroicheann praghsanna TTF leibhéil atá an-ard agus neamhghnách i gcomparáid le praghsanna GNL. Dá dtiocfadh méadú ar phraghsanna na margaí domhanda ar an luas agus ar an leibhéal céanna le praghsanna TTF, d'fhéadfadh sé, le gníomhachtú an tsásra ceartúcháin margaidh, go gcuirfí bac ar cheannach soláthairtí ar na margaí domhanda, rud lena bhféadfaí slándáil an tsoláthair a chur i mbaol. Dá bhrí sin, níor cheart an sásra ceartúcháin margaidh a spreagadh ach amháin i gcásanna ina bhfuil praghsanna TTF go mór os cionn praghsanna na margaí domhanda thar thréimhse fhada. Ar an gcaoi chéanna, dá dtiocfadh méadú ar phraghsanna na margaí domhanda tar éis ghníomhachtú an tsásra, agus dá ndéanfaí an difríocht le praghsanna TTF a laghdú nó a chur ar ceal, ba cheart an sásra a dhíghníomhachtú go huathoibríoch, chun aon riosca do shlándáil an tsoláthair a sheachaint.

(22) Is foinse iomchuí seachshonraí é GNL d'fhorbairtí i bpraghsanna gáis ar an leibhéal domhanda. I gcodarsnacht le gás píblíne, déantar GNL a thrádáil ar mhargadh domhanda. Bíonn tionchar díreach ag forbairt an mhargaidh dhomhanda GNL ar phraghsanna GNL, amhail na praghsanna ar mhalartáin na Meánmhara nó an Iarthuaiscirt, agus de ghnáth bíonn siad níos gaire do leibhéal praghsanna an mhargaidh dhomhanda ná tagarmharcanna atá faoi cheannas píblíne. Tugann praghsanna GNL ar mhalartáin na Meánmhara nó an Iarthuaiscirt léiriú iomchuí maidir le cibé acu atá ardú mór praghsanna bunaithe ar athruithe bunúsacha ar an éileamh nó ar sholáthar nó ar mhífheidhmiú an tsásra praghasmhúnlaithé san Aontas. Léiríonn na praghsanna GNL sin na dálaí soláthair agus éilimh san Eoraip níos fearr freisin ná praghsanna comhchosúla thar lear, amhail san Áise nó sna Stáit Aontaithe (féach e.g. 'Joint Japan Korea Marker' [Marcóir comhpháirteach na Cóiré agus na Seapáine] nó 'Henry Hub Gas Price Assessment' [Measúnú Praghsanna Gáis Henry Hub], arna bhfoilsíú ag S&P Global Inc., Nua-Eabhrac). Is é sin go léiríonn siad ar bhealach níos iomchuí praghsáil ró-ard TTF i gcomparáid le GNL a sheachadtar isteach sa chóras Eorpach. Nuair a chuirtear praghsanna GNL na hEorpa san áireamh, seachnaítear tionchar míchruinn ar chúrsaí sonracha soláthair agus éilimh áitiúil ó phraghsanna i réigiúin eile an domhain (amhail na Stáit Aontaithe agus an Áise). Mar sin féin, ba cheart na forbairtí ar mhargaí eagraithe ábhartha eile lasmuigh den Aontas a chur san áireamh san fhaireachán roimh ghníomhachtú féideartha an tsásra agus ina dhiaidh. Ba cheart na truícír iarbhir le haghaidh na comparáide idir praghsanna TTF agus praghsanna GNL a roghnú bunaithe ar anailís ar na praghsanna stairiúla, agus ba cheart an raon difríochta le linn bhuaic na bpraghsanna i mí Lúnasa 2022 a chur san áireamh.

(23) Ba cheart a áirithiú, le truícír an tsásra ceartúcháin margaidh, go gceartaítear easnaimh sa mhargadh leis an sásra agus nach gcuirtear isteach go mór ar éileamh agus ar sholáthar ná

ar ghnáthshocrú praghsanna. Mura socraítear an uasteorainn ar leibhéal ard go leor, d'fhéadfadh sí cosc a chur ar rannpháirtithe sa mhargadh a rioscaí a fhálú go héifeachtach, ós rud é go bhféadfaí dochar a dhéanamh do mhúnlú praghsanna iontaofa le haghaidh táirgí a bhfuil dáta seachadta acu sa todhchaí agus d'fheidhmiú mhargaí na ndíorthach. Dá spreagfaí an sásra chun praghsanna a laghdú go saorga in ionad mhífheidhmiú an mhargaidh a cheartú, bheadh tionchar diúltach tromchúiseach aige ar rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear gnólachtaí fuinnimh, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí acu freastal ar ghlaonna ar éarlais agus ar shrianta leachtachta, rud a bhféadfadh mainneachtain a bheith mar thoradh air. D'fhéadfadh sé go gcuirfí cosc ar ghníomhaithe áirithe sa mhargadh (go háirithe gníomhaithe beaga) a suíomhanna a fhálú, rud a chuirfeadh leis an luaineacht sna spotmhargaí agus bheadh na buaiceanna praghsanna níos airde mar thoradh air sin. I bhfianaise na méideanna móra trádála, bheadh an fhorbairt sin ina riosca follasach don gheilleagar agus ba cheart é sin a chosc le ceapadh an bhirt.

(24) Chun go mbeidh sé go hiomlán comhoiriúnach le Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle agus leis na spriocanna laghdaithe éilimh a leagtar amach sa Rialachán sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann gníomhachtú an tsásra a chur ar fionraí má dhéantar difear diúltach don dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an sprioc maidir le coigilteas gáis a chur chun feidhme de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle, nó má bhíonn méadú foriomlán ar thomhaltas gáis mar thoradh air, ar bhonn sonraí maidir le tomhaltas gáis agus laghdú ar éileamh a fhaightear ó na Ballstáit de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle. Níor cheart, leis an tionchair maolaithe ar phraghsanna gáis nádúrtha a d'fhéadfadh eascairt as an sásra ceartúcháin margaidh, go ndéanfaí an tomhaltas gáis nádúrtha san Aontas a dhreasú go saorga ar chaoi lena ndéanfar dochar do na hiarrachtaí is gá chun an t-éileamh ar ghás nádúrtha a laghdú i gcomhréir leis na spriocanna maidir le laghdú ar éileamh de bhun Airteagail 3 agus 5 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle agus Airteagail 3 agus 4 de Rialachán 2022/1854. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach gcuirfidh gníomhachtú an tsásra moill ar an dul chun cinn a dhéanann na Ballstáit chun a spriocanna maidir le coigilteas fuinnimh a bhaint amach.

(25) Chun go mbeidh an Coimisiún in ann idirghabháil a dhéanamh i gcás ina dtiocfadh méadú ar thomhaltas gáis agus leictreachais mar fhreagairt ar an teagmhas ceartúcháin margaidh, ba cheart do na Ballstáit, sa bhreis ar na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana maidir le laghdú ar éileamh a chur chun feidhme, tuairisciú don Choimisiún go sonrach cé na bearta atá déanta acu chun tomhaltas gáis agus leictreachais a laghdú mar fhreagairt ar an teagmhas ceartúcháin margaidh, i bhfianaise an laghdaithe 15 % ar an éileamh ar ghás dá bhforáiltear in Airteagail 3 agus 5 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle agus i bhfianaise na spriocanna maidir le laghdú ar éileamh in Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle. Chun a áirithiú, de thoradh teagmhais ceartúcháin margaidh, nach laghdófar an dreasacht chun laghdú ar éileamh a shaothrú, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar oiriúnú a mholadh ar Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle chun é a oiriúnú don staid nua.

(26) D'fhéadfadh rioscaí airgeadais, conarthacha agus rioscaí maidir le slándáil an tsoláthair a bheith i gceist leis an sásra ceartúcháin margaidh, ag brath ar leibhéal na hidirghabhála. Braitheann leibhéal an riosca ar a mhinice a dhéantar an sásra a ghníomhachtú agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh sé cur isteach ar ghnáthfheidhmiú an mhargaidh. Dá ísle an tairseach idirghabhála, is ea is minice a dhéanfar an sásra a spreagadh, agus dá bhrí sin is dóchúla go dtiocfadh an riosca chun cinn. Dá bhrí sin, ba cheart na coinníollacha maidir le gníomhachtú an tsásra a shocrú ar leibhéal atá nasctha le leibhéil neamhghnácha as cuimse ard maidir le praghas mí roimh ré TTF, agus a áirithiú san am céanna gur ionstraim éifeachtach é i gcoinne babhtaí praghsanna as cuimse ard, ar praghsanna

iad nach léiríonn forbairtí sa mhargadh idirnáisiúnta. Le tairseach níos ísle, bheadh baol ann go spreagfaí gníomhachtú na caidhpe i gcásanna ina bhfuil fad teoranta leis na méaduithe ar phraghsanna agus, dá bhrí sin, nach cúis inní iad a mhéid céanna leis an ardú praghsanna a tugadh faoi deara i mí Lúnasa 2022. Ag deireadh mhí na Nollag 2021 agus ag tús mhí an Mhárta 2022, bhí praghsanna mí roimh ré TTF an-ard ar feadh cúpla lá agus d'ísligh siad ar ais go dtí an leibhéal tosaigh beagnach láithreach, gan iarmhairtí diúltacha inláimhsithe do mhargaí agus do thomhaltóirí.

(27) Tá sé tábhachtach go gceapfaí an sásra ar bhealach nach n-athróidh cothromaíocht chonarthaigh bhunúsach na gconarthaí soláthair gáis, ach ina ionad sin ar bhealach lena dtabharfaí aghaidh ar bhabhtáí iompraíochta neamhghnáiche sa mhargadh. Má shocraítear na truíce don idirghabháil ar leibhéal lena gceartaítear fadhbanna atá ann cheana maidir le praghasmhúnlú agus nach bhfuil sé i gceist leo cur isteach ar chothromaíocht an éilimh agus an tsoláthair, is féidir an riosca a íoslaghdú go n-athrófar cothromaíocht chonarthaigh na gconarthaí atá ann cheana de thoradh an tsásra nó ghníomhachtú an tsásra.

(28) Chun a áirithiú go mbeidh éifeacht láithreach ag an sásra ceartúcháin margaidh, ba cheart an teorainn tairisceana a ghníomhachtú láithreach agus go huathoibríoch, gan aon ghá le cinneadh eile ó Ghníomhaireacht an Aontais um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('ACER') ná ón gCoimisiún. Chun a áirithiú go ndéanfar fadhbanna a d'fhéadfadh teacht as an ngníomhachtú a shainaithint go luath, ba cheart don Choimisiún sainordú a thabhairt do BCE agus don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ('ESMA') tuarascáil a eisiúint maidir le héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an sásra ar mhargaí airgeadais.

(29) Ba cheart do ACER faireachán leanúnach a dhéanamh ar cé acu a gcomhlíontar na coinníollacha maidir le hoibriú an tsásra ceartúcháin margaidh nó nach gcomhlíontar. Is é ACER an t-údarás is fearr chun an faireachán sin a dhéanamh, toisc go bhfuil dearcadh uile-Aontais aige ar mhargaí gáis agus go bhfuil an saineolas is gá aige maidir le hoibriú na margaí gáis, agus go bhfuil sainordú aige cheana féin maidir le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí trádála i dtáirgí mórdhíola fuinnimh faoi dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart do ACER faireachán a dhéanamh ar fhorbairt phraghas socraíochta TTF na míosa is túisce agus spotinnéacs TTF um ghás na hEorpa agus ba cheart dó an innéacs sin a chur i gcomparáid leis an bpraghas tagartha, arna chinneadh le meánphraghas measúnuithe praghaís GNL atá nasctha le moil trádála na hEorpa, chun a dheimhniú cé acu a chomhlíontar na coinníollacha lena dtugtar údar le gníomhachtú nó díghníomhachtú an tsásra ceartúcháin margaidh nó nach gcomhlíontar. A luaithe a dhéantar an sásra a ghníomhachtú, ba cheart do ACER tuairisciú don Choimisiún ar bhonn laethúil i dtaobh cé acu atá an truícear maidir leis an ngníomhachtú fós á chomhlíonadh nó nach bhfuil.

(30) Féadfaidh gníomhachtú an tsásra ceartúcháin margaidh éifeachtaí neamh-inmhianaithe agus neamh-intuartha a spreagadh ar an ngeilleagar, lena n-áirítear rioscaí do shlándáil an tsoláthair agus don chobhsaíocht airgeadais. Chun freagairt mhear a áirithiú i gcás ina dtarlaíonn suaití neamhbheartaithe ar an margadh, ba cheart coimircí éifeachtúla a ionchorprú, lena n-áirítear gur féidir an sásra a chur ar fionraí tráth ar bith. I gcás ina bhfuil tásca nithiúla ann, bunaithe ar thorthaí fhaireachán ACER, lena léirítear go bhfuil teagmhas ceartúcháin margaidh ar tí tarlú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann tuairim a iarraidh ar BCE, ESMA, ACER, agus, i gcás inarb iomchuí, ar ENTSOG agus ar an nGrúpa Comhordaithe Gáis maidir leis an tionchar a bheadh ag teagmhas ceartúcháin margaidh a d'fhéadfadh a bheith ann ar shlándáil an tsoláthair, ar shreafaí laistigh den Aontas agus ar an gcobhsaíocht airgeadais, ionas go mbeidh an Coimisiún in ann gníomhachtú an tsásra ceartúcháin margaidh ag ACER a chur ar fionraí go tapa más gá.

(31) Anuas ar athbhreithniú laethúil a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na ceanglais maidir leis an teorainn tairisceana fós i bhfeidhm, ba cheart coimircí breise a chur san áireamh chun suaití neamhbheartaithe sa mhargadh a sheachaint.

(32) Níor cheart don teorainn tairisceana difear a dhéanamh d'idirbhearta thar an gcuntar('OTC'), toisc go dtiocfadh saincheisteanna tromchúiseacha faireacháin chun cinn dá n-áireofaí iad agus go bhféadfadh fadhbanna a bheith ann maidir le slándáil an tsoláthair.

(33) Ba cheart an sásra ceartúcháin margaidh a dhíghníomhachtú go huathoibríoch mura bhfuil bonn cirt lena fheidhmiú a thuilleadh mar gheall ar an staid ar an margadh gáis nádúrtha. Mura dtarlaíonn suaitheadh sa mhargadh, níor cheart an mheicníocht a dhíghníomhachtú ach amháin tar éis tréimhse áirithe ama, chun gníomhachtú agus díghníomhachtú ar bhonn minic a sheachaint. Má shuíonn ACER, agus faireachán á dhéanamh aici ar fhorbairt na dtrúicear don sásra, nach bhfuil Innéacs Eorpach Spota Gáis TTF níos airde ná an praghas tagartha ar feadh tréimhse atá cobhsaí go leor, ba cheart an sásra a dhíghníomhachtú go huathoibríoch. Chun an sásra a dhíghníomhachtú, níor cheart gá a bheith ann le haon mheasúnú ó ACER ná ón gCoimisiún, ach ba cheart dó tarlú go huathoibríoch nuair a chomhlíonfar na coinníollacha.

(34) Tá sé rithábachtach go n-áireofaí leis an sásra ceartúcháin margaidh ionstraim éifeachtach chun an uasteorainn sábháilteachta a chur ar fionraí láithreach agus tráth ar bith dá mbeadh suaitheadh tromchúiseach ar an margadh mar thoradh air, rud a dhéanadh difear do shlándáil an tsoláthair agus do shreabha laistigh den Aontas.

(35) Ós rud é go bhfuil sé tábhachtach measúnú críochnúil a dhéanamh ar na coimircí uile atá le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an bhféidearthacht an uasteorainn sábháilteachta a chur ar fionraí, ba cheart an uasteorainn sábháilteachta a chur ar fionraí trí bhíthin cinneadh ón gCoimisiún. Agus an cinneadh á dhéanamh, ar cinneadh é ba cheart a dhéanamh gan moill mhíchúí, ba cheart don Choimisiún a mheas go háirithe an gcuireann cur i bhfeidhm leanúnach na teorainn tairisceana cinnteacht soláthair an Aontais i mbaol, an bhfuil iarrachtaí leordhóthanacha chun éileamh a laghdú ag gabháil leis, an gcuireann sé cosc ar shreabha gáis laistigh den Aontas atá margadhbhunaithe, an ndéanann sé difear diúltach do mhargaí na ndíorthach fuinnimh, an cuntas ar phraghsanna an mhargaidh gáis sna margáí eagraithe éagsúla ar fud an Aontais, nó an bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar chonarthaí soláthair gáis atá ann cheana.

(36) Níor cheart don sásra ceartúcháin margaidh cinnteacht soláthair gáis an Aontais a chur i mbaol trí shrian a chur le comharthaí praghais atá riachtanach chun soláthairtí gáis riachtanacha a mhealladh agus le haghaidh sreafaí gáis laistigh den Aontas. Go deimhin, d'fhéadfadh soláthraithe gáis soláthairtí a choinneáil siar nuair a ghníomhachtaítear an sásra ceartúcháin margaidh chun brabúis a uasmhéadú trí dhíol díreach tar éis na huasteorainneacha a dhíghníomhachtú. I gcás ina mbeidh éigeandáil réigiúnach nó éigeandáil Aontais fógartha ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2017/1938, agus i gcás inar gá bearta nach bhfuil margadhbhunaithe a thabhairt isteach sa bhreis, go háirithe chun soláthairtí gáis do chustaiméirí cosanta a choimirciú, níor cheart don sásra ceartúcháin margaidh srian míchúí a chur ar shreabhadh an gháis laistigh den mhargadh inmheánach lena gcuirtear cinnteacht soláthair gáis an Aontais i mbaol, agus ba cheart, dá bhrí sin, é a chur ar fionraí.

(37) Níor cheart don sásra ceartúcháin margaidh laghdú a dhéanamh ar an ról a chomhlíonann comharthaí praghais i margadh inmheánach gáis an Aontais agus cosc a chur ar shreabha gáis margadhbhunaithe laistigh den Aontas, ós rud é go bhfuil sé rithábachtach go leanfaidh gás nádúrtha de bheith ag sreabhadh sna háiteanna is mó a bhfuil gá leis.

(38) Níor cheart do na sásraí ceartúcháin margaidh feidhmiú cuí leanúnach mhargaí na ndíorthach fuinnimh a chur i mbaol go míchuí. Tá ról lárnach ag na margaí sin maidir le rannpháirtithe sa mhargadh a chumasú chun a suíomhanna a fhálú d'fhonn rioscaí a bhainistiú, go háirithe maidir le luaineacht praghsanna. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh cailiteanais shuntasacha airgeadais ann do rannpháirtithe sa mhargadh i margaí na ndíorthach mar thoradh ar idirghabhálacha praghsanna tríd an sásra ceartúcháin margaidh. I bhfianaise mhéid an mhargaidh gáis san Aontas, d'fhéadfadh cailiteanais den sórt sin difear a dhéanamh ní hamháin do mhargaí na ndíorthach speisialaithe, ach d'fhéadfadh éifeachtaí iarmhartacha suntasacha a bheith acu ar mhargaí airgeadais eile. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún an sásra ceartúcháin margaidh a chur ar fionraí láithreach má chuireann sé feidhmiú ordúil mhargadh na ndíorthach i mbaol. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach go gcuirfidh an Coimisiún san áireamh an saineolas atá ar fáil ó chomhlachtaí ábhartha an Aontais. Is údarás neamhspleách é an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí a chuidíonn le cobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe trí mhargaí airgeadais cobhsaí agus ordúil a chur chun cinn, amhail margaí na ndíorthach. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún tuarascálacha ó ESMA maidir leis na gnéithe sin a chur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún aon chomhairle ón mBanc Ceannais Eorpach ('BCE') a bhaineann le cobhsaíocht an chórais airgeadais a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 127(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus le hAirteagal 25 de Phrótocal IV a ghabhann le CFAE. I bhfianaise luaineacht na margaí airgeadais agus an tionchair mhóir a d'fhéadfadh a bheith ag idirghabhálacha margaidh iontu, tá sé tábhachtach a áirithiú gur féidir leis an gCoimisiún an sásra ceartúcháin margaidh a chur ar fionraí go tapa. Dá bhrí sin, ba cheart tuarascáil ESMA agus tuairim BCE a eisiúint tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig nó laistigh den lá céanna i gcásanna práinneacha tar éis iarraidh an Choimisiúin.

(39) Ba cheart an sásra ceartúcháin margaidh a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar mhéaduithe eisceachtúla ar phraghsanna gáis a eascraíonn as easnaimh sa sásra praghasmhúnlaithé agus, dá bhrí sin, gan tionchar a bheith aige ar bhailíocht na gconarthaí soláthair gáis atá ann cheana. Mar sin féin, i gcásanna ina measann an Coimisiún go mbíonn tionchar diúltach ag gníomhachtú an tsásra ceartúcháin margaidh ar chonarthaí soláthair atá ann cheana, ba cheart don Choimisiún é a chur ar fionraí.

(40) Agus an sásra á cheapadh agus á chur ar fionraí, ba cheart a chur san áireamh go bhféadfaidh trádálaithe gáis nádúrtha trádáil gáis nádúrtha a bhogadh go réigiúin lasmuigh den Aontas, rud a laghdóidh éifeachtacht an tsásra ceartúcháin margaidh. B'amhlaidh a bheadh, mar shampla, dá dtosódh trádálaithe ag gabháil do thrádálacha gáis thar an gcuntar, rud nach bhfuil chomh trédhearcach céanna, nach bhfuil faoi réir grinnscrúdú rialála, agus dá mbeadh rioscaí níos mó ag baint leo go mainneodh siad oibleagáidí do na páirtithe lena mbaineann. B'amhlaidh a bheadh an cás freisin dá mba rud é go lorgódh trádálaithe, a bhféadfadh a bhfálú a bheith teoranta ag an sásra ceartúcháin margaidh, fálú i ndlínsí eile, rud a d'fhágfadh go mbeadh ar an gcontrapháirtí imréitigh an t-airgead atá ina bhuntaca le suíomhanna díorthach a athchothromú chun an praghas socraíochta caidhpeáilte a léiriú, rud a spreag glaonna ar chorrlach.

(41) Ba cheart do ACER, an Banc Ceannais Eorpach, ESMA, an Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis ('ENTSOG') agus an Grúpa Comhordaithe Gáis arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2017/1938 cúnaimh a thabhairt don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar an sásra ceartúcháin margaidh.

(42) Tar éis teagmhas margaidh nó cinneadh fionraí, nó i bhfianaise forbairtí sa mhargadh agus i slándáil an tsoláthair, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le gníomhachtú an tsásra ceartúcháin margaidh a leagtar amach in

Airteagal 3(2)(a) agus (b). Dá bhrí sin, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, leasuithe iomchuí ar an Rialachán seo a ghlacadh sa chás seo.

(43) Tá an sásra ceartúcháin margaidh riachtanach agus comhréireach chun an cuspóir a bhaint amach maidir le praghsanna gáis ró-ard a cheartú ag TTF. Is ábhar inní do na Ballstáit uile éifeachtaí indíreacha na n-arduithe praghsanna, amhail praghsanna fuinnimh a mhéadú agus boillsciú. Maidir leis na heasnamh sa chóras praghasmhúnlaith, tá ról difriúil ag na heasnamh sin i mBallstáit éagsúla, agus tá méaduithe praghsanna níos ionadaíche i roinnt Ballstát (e.g. Ballstáit Lár na hEorpa) ná mar atá i mBallstáit eile (e.g. Ballstáit ar an imeall nó le féidearthachtaí soláthair eile). Chun gníomhaíocht ilroinnte a sheachaint, a d'fhéadfadh margadh gáis comhtháite an Aontais a dheighilt, tá gá le comhghníomhaíocht de mheon dlúthpháirtíochta. Tá sé ríthábhachtach stóráil gáis a líonadh chun slándáil an tsoláthair san Aontas a áirithiú. Ina theannta sin, áirithítear le coimircí comhchoiteanna cur chuige comhordaithe mar léiriú ar an dlúthpháirtíocht fuinnimh, a bhféadfadh gá níos mó a bheith leo sna Ballstáit nach bhfuil roghanna malartacha acu ná mar atá sna Ballstáit a bhfuil níos mó roghanna acu. Go deimhin, cé go bhfuil na rioscaí agus na tairbhí airgeadais an-difriúil i gcás Ballstáit éagsúla, is comhréiteach daingean é an sásra ceartúcháin margaidh, ina gcomhaontaíonn na Ballstáit go léir cur leis an gceartú margaidh agus ina nglacann siad leis na teorainneacha céanna leis an socrú praghsanna, cé nach ionann i mBallstáit éagsúla leibhéal mhífheidhmiú an tsásra socraithe praghsanna agus tionchar airgeadais phraghsanna TTF ar an ngeilleagar. Dá bhrí sin, neartódh an sásra ceartúcháin margaidh dlúthpháirtíocht an Aontais chun praghsanna iomarcacha a sheachaint, praghsanna nach bhfuil inbhuanaithe fiú ar feadh tréimhsí gearra ama i gcás go leor Ballstát. Cuideoidh an beart atá beartaithe lena áirithiú go mbeidh gnóthais soláthair gáis ó na Ballstáit uile in ann gás a cheannach ar phraghsanna réasúnta de mheon dlúthpháirtíochta.

(44) I bhfianaise staid ghuagach neamh-intuartha an mhargaidh gáis nádúrtha agus an geimhreadh ar na bacáin fágtar go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú gur féidir an sásra ceartúcháin margaidh a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir, i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha a ghníomhachtaithe. Is ceart go dtiocfadh an Rialachán sin i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I - ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Bunaítear leis an Rialachán seo sásra sealadach ceartúcháin margaidh i gcoinne praghsanna gáis atá ró-ard agus nach mbaineann le praghsanna ar mhalartuithe eile san Aontas.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘díorthach TTF míosa tosaigh’ díorthach tráchtearraí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (30), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, a thrádáiltear ar ionad trádála, arb é a bhunionstraim idirbheart i bPointe Trádála Fíorúil na Saoráide Aistrithe Teidil (TTF), arna oibriú ag Seirbhísí Iompair Gasunie B.V, agus arb é a dháta éaga an dáta is gaire i measc na ndíorthach a bhfuil aibíocht aon mhí acu a thrádáiltear ar ionad trádála ar leith;
- (2) ciallaíonn ‘praghas tagartha’ meánphraghas laethúil na measúnuithe GNL ‘Spot-mharcóir laethúil na Meánmhara (MED)’, ‘Spot-mharcóir laethúil Iarthuaisceart na hEorpa (NWE)’, arna fhoilsiú ag S&P Global Inc., Nua-Eabhrac, agus ar phraghas an mheasúnaithe ar phraghas laethúil arna dhéanamh ag ACER de bhun Airteagal 18 go hAirteagal 22 de Rialachán (AE) [XXXX/2022] ón gComhairle.
- (3) ciallaíonn ‘ionad trádála’ aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - (a) ‘margadh rialáilte’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (21), de Threoir 2014/65/AE;
 - (b) ‘saoráid trádála iltaobhach’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (22), de Threoir 2014/65/AE;
 - (c) ‘saoráid trádála eagraithe’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (23), de Threoir 2014/65/AE;

CAIBIDIL II – SÁSRA CEARTÚCHÁIN MARGAIDH

Airteagal 3

Sásra ceartúcháin margaidh

- (1) Chun teorainn a chur le hócáidí de phraghsanna as cuimse ard gáis nádúrtha nach mbaineann le praghsanna ag malartuithe gáis eile, is féidir sásra ceartúcháin margaidh do phraghas socraíochta díorthach TTF na míosa tosaigh a ghníomhachtú amhail ón 1 Eanáir 2023.
- (2) Déanfar an sásra ceartúcháin margaidh a ghníomhachtú i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas (‘teagmhas ceartúcháin margaidh’)
 - (a) tá praghas socraíochta díorthach TTF don mhí tosaigh níos mó ná EUR 275 ar feadh dhá sheachtain agus
 - (b) tá Innéacs Eorpach Spota Gáis TTF arna fhoilsiú ag Malartán Fuinnimh na hEorpa (EEX) EUR 58 níos airde ná an praghas tagartha le linn na 10 lá trádála deireanacha roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i bhfomhír (a).
- (3) I gcás ina mbeidh tásca nithiúla ann, bunaithe ar thorthaí fhaireachán ACER de bhun Airteagal 4(1), go bhfuil teagmhas ceartúcháin margaidh de bhun Airteagal 3(2)(b) ar tí tarlú, iarrfaidh an Coimisiún tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach (‘BCE’), ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margai (‘ESMA’) agus, i gcás inarb iomchuí, ón Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (‘ENTSOG’) agus ón nGrúpa Comhordaithe Gáis arna bhunú de bhun Rialachán (AE) 2017/1938 maidir leis an tionchar a bheadh ag teagmhas ceartúcháin margaidh a d’fhéadfadh a bheith ann ar shlándáil an tsoláthair, ar shreafaí laistigh den Aontas agus ar chobhsaíocht airgeadais le go mbeadh an Coimisiún in ann gníomhachtú an tsásra ceartúcháin margaidh ag ACER a chur ar fionraí go pras dá mba ghá. Cuirfear san áireamh sa tuairim freisin forbairtí praghsanna in ionaid eagraithe margaidh ábhartha eile, go

háirithe san Áise nó sna Stáit Aontaithe, mar a léirítear sa ‘Marcóir Comhpháirteach i dtaobh na Seapáine agus na Cóiré’ nó sa ‘Measúnú Praghsanna Gáis ar Mhol Henry’; iad araon foilsithe ag S & P Global Inc., Nua-Eabhrac.

- (4) Déanfaidh ACER, i gcás ina dtabharfaidh sé faoi deara gur tharla teagmhas ceartúcháin margaidh, bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaigheann sé de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún, Airteagail 18 go 22 de Rialachán (AE) [XXXX/2022] ón gComhairle nó bunaithe ar fhaisnéis eile faoin margadh atá ar fáil go poiblí, déanfaidh sé fógra a fhoilsiú gan mhoill in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh gur tharla teagmhas ceartúcháin margaidh (‘fógra ceartúcháin margaidh’) agus cuirfidh sé an Coimisiún, ESMA agus BCE ar an eolas faoin teagmhas ceartúcháin margaidh.
- (5) Ní fhéadfar glacadh le horduithe le haghaidh díorthaigh TTF don mhí thosaigh a bhfuil praghsanna os cionn EUR 275 acu amhail ón lá tar éis fógra ceartúcháin margaidh (‘teorainn tairisceana’) a fhoilsiú.
- (6) Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na bearta atá déanta acu chun leathnú ar thomhaltas gáis agus leictreachais a chosc mar fhreagairt ar an teagmhas ceartúcháin sa mhargadh agus chun an t-éileamh ar ghás agus ar leictreachas a laghdú, i bhfianaise an laghdaithe 15 % ar an éileamh ar ghás dá bhforáiltear in Airteagail 3 agus 5 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle agus na spriocanna maidir le laghdú éilimh in Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle. Tabharfar an fógra tráth nach déanaí ná coicís tar éis an teagmhais ceartúcháin margaidh, ach amháin má tá cinneadh fionraíochta glactha ag an gCoimisiún idir an dá linn de bhun Airteagal 5(2).
- (7) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeacht na teorann tairisceana ar thomhaltas gáis agus leictreachais agus ar dhul chun cinn i dtaobh na spriocanna maidir le laghdú éilimh dá bhforáiltear in Airteagail 3 agus 5 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle agus in Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle, féadfaidh sé a mholadh freisin Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle a oiriúnú don staid nua.
- (8) I gcás teagmhas ceartúcháin margaidh, iarrfaidh an Coimisiún ar BCE, gan aon mhoill mhíchúí, tuarascáil a iarraidh ar BCE maidir leis an riosca a bhaineann le suaithreadh neamhbheartaithe do chobhsaíocht agus d’fheidhmiú ordúil mhargaí na ndíorthach fuinnimh

Airteagal 4

Faireachán agus díghníomhachtú an tsásra ceartúcháin margaidh

- (1) Déanfaidh ACER faireachán leanúnach cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b), bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaigheann sé de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún agus Airteagail 18 go 22 de Rialachán (AE) [XXXX/2022] ón gComhairle agus maidir le faisnéis faoin margadh. Cuirfidh ACER torthaí a fhaireacháin in iúl don Choimisiún ag deireadh gach lae gnó tráth nach déanaí ná 18:00 CET.
- (2) I gcás nach gcomhlíonfar an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b) a thuilleadh le linn 10 lá trádála as a chéile roimh dheireadh na míosa tar éis an teagmhais ceartúcháin margaidh, nó ina dhiaidh sin (‘teagmhas díghníomhachtaithe’), foilseoidh ACER fógra gan mhoill in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus

tabharfaidh sí fógra don Choimisiún agus do ESMA nach bhfuil an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 3(2)(b) á chomhlíonadh a thuilleadh ('fógra díghníomhachtaithe'). Ón lá tar éis fógra díghníomhachtaithe a fhoilsiú, scoirfidh an teorainn tairisceana dá dtagraítear in Airteagal 3(4) d'fheidhm a bheith aici.

Airteagal 5

An sásra ceartúcháin margaidh a chur ar fionraí

- (1) Déanfaidh ESMA, BCE, ACER, an Grúpa Comhordaithe Gáis agus ENTSG faireachán leanúnach ar éifeachtaí na teorann tairisceana ar mhargaí agus ar shlándáil an tsoláthair.
- (2) Ar bhonn an fhaireacháin sin, déanfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, sásra ceartúcháin an mhargaidh a chur ar fionraí tráth ar bith, má tharlaíonn suaithheadh neamhbheartaithe ar an margadh nó rioscaí follasacha de shuaithheadh den sórt sin, agus tionchar diúltach aige sin ar shlándáil an tsoláthair, ar shreafaí laistigh den Aontas nó ar chobhsaíocht airgeadais ('cinneadh maidir le fionraí'). Sa mheasúnú, cuirfidh an Coimisiún san áireamh go háirithe má leantar den sásra ceartúcháin margaidh a ghníomhachtú
 - (a) slándáil sholáthar gáis an Aontais a chur i mbaol, rud a mheastar a bheith amhlaidh go háirithe má tá éigeandáil réigiúnach nó éigeandáil Aontais fógartha ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2017/1938, nó go bhféadfadh aon chóimheas gáis a bheith mar thoradh air;
 - (b) tarlaíonn sé le linn tréimhse nach gcomhlíontar na spriocanna éigeantacha maidir le laghdú ar an éileamh de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle ar leibhéal an Aontais, rud a dhéanann difear diúltach don dul chun cinn a dhéantar i gcur chun feidhme na sprice maidir le coigilteas gáis de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle, nó a mbíonn méadú foriomlán ar thomhaltas gáis mar thoradh uirthi, ar bhonn sonraí maidir le tomhaltas gáis agus laghdú ar an éileamh a fhaightear ó na Ballstáit de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle;
 - (c) cosc a chur ar shreafaí gáis margadhbhunaithe laistigh den Aontas de réir sonraí faireacháin ACER;
 - (d) difear a dhéanamh, ar bhonn tuarascála ar thionchar ghníomhachtú an bhirt cheartúcháin ar an margadh ag ESMA agus ar bhonn tuairime ó BCE arna iarraidh ag an gCoimisiún chun na críche sin, do chobhsaíocht agus d'fheidhmiú ordúil mhargaí na ndíorthach fuinnimh;
 - (e) a thugann san áireamh praghsanna margaidh gáis sna háiteanna margaidh eagraithe éagsúla ar fud an Aontais, mar aon le háiteanna margaidh eagraithe ábhartha eile, amhail san Áise nó sna Stáit Aontaithe, mar a léirítear sa 'Marcóir Comhpháirteach i dtaobh na Seapáine agus na Cóiré' nó sa 'Measúnú Praghsanna Gáis ar Mhol Henry'; iad araon foilsithe ag S & P Global Inc., Nua-Eabhrac;
 - (f) a dhéanann difear do bhailíocht na gconarthaí soláthair gáis atá ann cheana, lena n-áirítear conarthaí soláthair gáis fadtéarmacha.
- (3) Déanfar cinneadh maidir le fionraí gan moill mhíchuí agus foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é. Ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh maidir le fionraí, agus fad a

shonraítear sa chinneadh maidir le fionraí, scoirfidh an teorainn tairisceana dá dtagraítear in Airteagal 3(4) d'fheidhm a bheith aici.

- (4) Tabharfaidh ACER, BCE, ESMA, an Grúpa Comhordaithe Gáis agus ENTSOG cúnamh don Choimisiún i dtaca leis na cúraimí de bhun Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 5. Eiseofar tuarascáil ESMA agus tuairim BCE de bhun mhír (2)(d) tráth nach déanaí ná 48 n-uaire an chloig nó laistigh den lá céanna i gcásanna práinneacha arna iarraidh sin don Choimisiún.
 - (5) Ní bheidh feidhm ag an sásra ceartúcháin margaidh ach amháin fad a bheidh an Rialachán seo i bhfeidhm.
 - (6) Tar éis teagmhas margaidh nó cinneadh fionraí, nó i bhfianaise forbairtí sa mhargadh agus i slándáil an tsoláthair, d'fhéadfadh an Chomhairle, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le gníomhachtú an tsásra ceartúcháin margaidh a leagtar amach in Airteagal 3(2)(a) agus (b). Sula dtíolacfaidh sé togra den sórt sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le BCE, le ESMA, le ACER, leis an nGrúpa Comhordaithe Gáis, le ENTSOG agus le geallsealbhóirí ábhartha eile.
- (1)

CAIBIDIL V – FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ar feadh tréimhse bliana óna theacht i bhfeidhm. Faoin 1.11.2023 ar a dhéanaí, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo i bhfianaise staid ghinearálta an tsoláthair gáis chuig an Aontas agus cuirfidh sé tuarascáil ar phríomhthorthaí an athbhreithnithe sin faoi bhráid na Comhairle. Féadfaidh an Coimisiún, bunaithe ar an tuarascáil sin, a mholadh fad a chur le bailíocht an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus

measúinú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an iocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh agus an geilleagar a chosaint ar phraghsanna as cuimse ard

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An réimse beartais: Fuinneamh

Gníomhaíocht: Sásra Ceartúcháin Margaidh a bhunú

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

X beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart¹⁰

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Sásra ceartúcháin margaidh

Is suíomh fíorúil praghsála é an tSaoráid Aistrithe Teidil (TTF) san Ísiltír, a fheidhmíonn go minic, i ngeall ar a leachtacht ard, mar thagairt do phraghsanna do mhargadh gáis na hEorpa, do chonarthaí tionchair agus d'oibríochtaí fálaíthe ar fud an Aontais. Mar sin féin, is innéacs píblíne fisiciúil é TTF go príomha le haghaidh instealladh gáis i líonra na hÍsiltíre, ag feidhmiú go príomha mar mhol d'Iarthuaisceart na hEorpa. Faoi láthair, tá TTF ag trádáil ar phréimh le formhór mhoil trádála an Aontais, rud a léiríonn den chuid is mó an ganntanas soláthairtí ó scrogaill bhonneagair na Rúise agus an réigiúin.

Ós rud é go n-úsáidtear TTF mar thagairt do phraghsanna agus mar bhonn chun conarthaí gáis a fhálú ar fud mhoil éagsúla an Aontais, léirítear a ábhartha atá sé maidir le praghas an gháis nádúrtha a shocrú san Aontas.

Mar rogha dheireanach, is é is aidhm don togra éigeandála seo dul i ngleic le cásanna ina bhfuil praghsanna gáis nádúrtha foircneacha, trí chumhacht a thabhairt don Choimisiún beart ón gComhairle a mholadh chun uasphearghas dinimiciúil a bhunú ar ar féidir idirbhearta gáis nádúrtha a dhéanamh i margaí TTF mí chun tosaigh faoi choinníollacha sonracha. Cuirfear an teorainn sin i ngníomh má tharlaíonn teagmhais shonracha sa mhargadh, agus beidh gá le buanfhaireachán, ní hamháin ar bhonn míosúil chun a fháil amach ar cheart an sásra ceartúcháin a choinneáil ar bun ach faireachán níos sistéamaí a dhéanamh freisin chun a áirithiú nach mbeidh aon tionchar míchuí ar ghnéithe éagsúla, ó chinnteacht an tsoláthair go suaití neamhbheartaithe sa mhargadh, a mbeidh tionchar diúltach acu ar shlándáil an tsoláthair agus ar shreafaí laistigh den Aontas, agus i gcás inar gá an sásra ceartúcháin a chur ar fionraí láithreach.

¹⁰

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.4.2. *Cuspóir sonrach*

Sásra ceartúcháin margaidh a bhunú chun cosc a chur ar leibhéil iomarcacha TTF mí chun tosaigh gan praghsanna GNL a léiriú.

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Cuideoidh an togra le feidhmiú barmhaith mhargadh na ndíorthach is leachtaí san Aontas, ag seachaint róphraghsáil ar scrogaill bhonneagair Iarthuaisceart na hEorpa agus a thionchar míchuí ar phraghsanna gáis ar fud an Aontais.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Foireann saineolaithe a chruthú a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh as a dtiocfaidh an sásra ceartúcháin margaidh.

1.5. **Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Agus gné na géarchéime fuinnimh á cur san áireamh chomh maith le raon a thionchair shoisialta, eacnamaíoch agus airgeadais, measann an Coimisiún go bhfuil sé oiriúnach gníomhú trí bhithin rialachán a bhfuil raon feidhme ginearálta aige agus atá infheidhme láithreach agus go díreach. D'fhágfadh sin go mbeadh sásra tapa, aonfhoirmeach, uile-AE ann.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Ba cheart go gcuideodh an togra seo le sonrú leibhéil todhchaíochtaí TTF, agus aghaidh á tabhairt ar spící praghsanna amhail na cinn a tharla i mí Lúnasa 2022 agus íoslaghdú a dhéanamh orthu, agus ag an am céanna tarraingteacht an Aontais do lastaí GNL a choinneáil ar bun.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Idirghabháil gan fasach a bheadh sa Sásra Ceartúcháin Margaidh i margadh gáis léirscaoilte comhtháite na hEorpa agus/nó sna margaí airgeadais do thráchtearraí. Mar gheall ar na tionchair anaithnide, cuireadh tacar láidir coinníollacha agus truícir sábháilteachta san áireamh, chomh maith le ceanglais láidre faireacháin

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Ní gá aon leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Ní shamhlaítear go bhfuil aon ghá le cur chuige difriúil ag an gcéim seo.

Tá gá le hacmhainní daonna breise a bhfuil saineolas ardleibhéil acu sa Choimisiún (AS ENER) le haghaidh na gcúraimí nua sin. Mar sin féin, faoin CAI reatha, ní mór don Choimisiún feidhmiú i gcomhthéacs foirne cobhsaí, agus ar an gcaoi sin beidh gá le hath-implonnú laistigh den Ard-Stiúrthóireacht agus ar fud sheirbhísí an Choimisiúin a bheartú a mhéid is féidir. Foráiltear i Ráiteas Airgeadais Reachtach ar leith do bhaill foirne bhreise don Ghníomhaireacht Eorpach um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER).

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

X ☐ tréimhse theoranta

- X ☐ i bhfeidhm ó 2023 fad a bheidh an ghéarchéim fuinnimh fós ann
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe¹¹

X ☐ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- X ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

Measúnú/tagarmharc	laethúil ar phraghsanna GNL	ón nGníomhaireacht Eorpach um
Chomhar	idir Rialálaithe Fuinnimh	(‘ACER’) a bhunú.

¹¹ Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid:
<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Maidir leis an cúraimí a dhéanfar AS ENER go díreach, leanfaidh siad timthriall bliantúil na pleanála agus an fhaireacháin, arna chur chun feidhme sa Choimisiún agus sna gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, lena n-áirítear na torthaí a thuairisciú trí Thuarascáil Bhliantúil AS ENER ar Gníomhaireachtaí.

Thairis sin, déanfar faireachán ar fheidhmíocht an tsásra i gcomhréir le hAirteagal 4 den togra.

Cuimsítear sa togra freisin, faoi Airteagal 5c, ceanglais shonracha tuairiscithe.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), sásra faireacháin an mhargaidh a ghníomhachtú agus faireachán a dhéanamh air, ar sásra é nach féidir a tharmlígean i ngeall ar an leibhéal freagrachta a bhaineann leis na cúraimí sin.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Maidir le cur chun feidhme na gcúraimí a bhaineann leis an sásra a ghníomhachtú agus faireachán a dhéanamh air, tá nasc idir na rioscaí a sainaithníodh agus líon neamhleor na n-acmhainní daonna agus an leibhéal saineolais is gá chun tabhairt faoi na príomhchúraimí sin sa Choimisiún. Beidh liosta na mbuaiteoirí a d'eascair as an gcomórtas do speisialtóirí fuinnimh EPSO/AD/401/22 ina chuidiú chun na saineolaithe is gá a earcú sa Choimisiún.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Tuairiscíonn AS ENER go bliantúil, ina Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí, ar an gcostas a bhaineann le rialú a chuid gníomhaíochtaí. An phróifíl riosca agus costas na rialuithe ar ghníomhaíochtaí soláthair, tá siad i gcomhréir leis na ceanglais.

I dtaca leis na cúraimí arna sannadh i ndáil le AS ENER agus AS COMP an sásra a bhunú, ní thiocfaidh dá mbarr aon rialuithe breise ná aon athrú ar chóimheas na gcostas rialaithe.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Ina theannta sin, in 2020 ghlac AS ENER Straitéis Frithchalaoise (SFC) arna athbhreithniú. Bunaítear Straitéis Frithchalaoise AS ENER ar Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin agus ar mheasúnú riosca sonrach arna dhéanamh go himheánach

chun na réimsí is leochailí ó thaobh calaoise de a shainaithint, maille leis na rialuithe atá i bhfeidhm cheana agus na bearta atá riachtanach chun feabhas a chur ar chumas AS ENER calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú.

Áirithítear le Rialachán ACER agus leis na forálacha conarthacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí, leo sin araon, gur féidir le seirbhísí an Choimisiúin, lena n-áirítear OLAF, iniúchtaí agus seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, agus úsáid á baint as na forálacha caighdeánacha a mholann OLAF.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	An saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ¹²	ó thíortha de chuid CSTE ¹³	ó thíortha is iarrthóirí ¹⁴	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
01	02 20 04 02	Difreáilte	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	An saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN.	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

¹² LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

¹³ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

¹⁴ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☐ Éilítear sa togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	1	An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach
---	---	--

AS: ENER			Bliain 2022	Bliain 2023	Bliain 2024	Bliain 2025	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
Líne bhuiséid ¹⁵ 02 20 04 02	Gealltanais	(1a)								
	Íocaíochtaí	(2a)								
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)								
	Íocaíochtaí	(2b)								
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ¹⁶										
Líne bhuiséid		(3)								
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS ENER	Gealltanais	=1a+1b +3								
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3								

¹⁵ De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

¹⁶ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach			(6)							
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6								
	Íocaíochtaí	=5+ 6								

Má dhéanann an togra / tionscnamh difear do níos mó ná ceannnteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís:

• IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannnteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannnteideal oibríochta)			(6)							
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6								
	Íocaíochtaí	=5+ 6								

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N 2023	Bliain N+1 2024	Bliain N+2 2025	Bliain N+3 2026	Bliain N+4 2027			IOMLÁN
AS: ENER									
• Acmhainní daonna		0,942	0,942	0,942	0,942	0,942			4,710000
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN AS ENER	Leithreasuithe	0,942	0,942	0,942	0,942	0,942			4,710000

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais Iomlán íocaíochtaí) =	0,942	0,942	0,942	0,942	0,942			4,710000
---	---	-------	-------	-------	-------	-------	--	--	-----------------

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain N ¹⁷	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe	Gealltanais	0,942	0,942	0,942	0,942	0,942			4,710000

¹⁷ Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

faoi CHEANTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	0,942	0,942	0,942	0,942	0,942			4,710000
--	-------------	-------	-------	-------	-------	-------	--	--	-----------------

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain N		Bliain N+1		Bliain N+2		Bliain N+3		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						IOMLÁN	
